TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Oifig An Stiúrthóir Um Fhorfheidhmiú Corparáideach

2013



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

Oifig and Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 01 858 5800
Íosghlao: 1890 315 015
Facs: 01 858 5801
Ríomhphoist: info@odce.ie
Suíomh Gréasán: www.osfc.ie

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2014

Word Perfect Translations Ltd agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliaintúil seo go Gaeilge

CLÁR ÁBHAIR

Brollach ón stiúrthóir 5

Sracfhéachaint 8

Caibidil 1: forbhreathnú ar OSFC 10

Sainordú reachtúil 11
Spriocanna ardleibhéil 11
Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre 12

Caibidil 2: tuiscint níos fearr ar chearta agus dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn 17

Intreoir 18
Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana 18
Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant 20
Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt 20

Caibidil 3: aghaidh a thabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach sa mhéid go mbaineann sé le dlí cuideachta 23

Struchtúr na Caibidle seo 24

IONCHUIR SHEACHTRACHA 24
Tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí 25
Leithdháileadh earnálach d'ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 56 na leachtaitheoirí 28
Gearáin 29
Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó Iniúchóirí 29
Tarchuir 30
Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó chomhlachtaí gairmiúla 30
Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann 31
Tuairiscí faoi alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011 31

IONCHUIR INMHEÁNACH 32
Intreoir 32
Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha 32
Maoirseacht ar leachtaitheoirí 33
Imscrúduithe a tosaíodh ar a tionscnamh féin 33
Líon na n-ionchur inmheánach - 2013 33

TRÉCHUIR 34

ASCHUIR 36
Aschuir ó phróiseas alt 56 36

Aschuir na hoibre forfheidhmithe 39
Réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach 39
Comhlíonadh a áirithiú trí chumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú 39
Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile 40
Forfheidhmiú sibhialta 40
Forfheidhmiú coiriúil 43

Caibidil 4: seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha 47

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha 48
Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha 50
Caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí 50
Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht 51

Aguisíní 53

Aguisín 1: Caiteachais arna chionroinnrt i gcoinne chionroinnt iarbhír – 2011 - 2013 54
Aguisín 2: Láithreoireachtaí a d'fhuascail agus taispeántais ar ar fhreastail - 2013 55
Aguisín 3: Cásanna ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe srianadh de bhun alt 56 d'AFDC 60
Aguisín 4: Cásanna ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe dícháilithe de bhun alt 56 d'AFDC 68
Aguisín 5: Cásanna ina nach dhearna an Ard-Chúirt Orduithe srianadh nó dícháilithe de bhun alt 56 d'AFDC 69

Gluais 70

BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR

BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR

Brollach

De bhun Alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, is deas liom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige don bhliain 2013 a chur faoi bhráid an Uasail Richard Bruton, T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Prionsabail forfheidhmithe

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, an chéad cheann tar éis gur ghlac mé leis an bpost seo, thug mé le fios, agus aird ar réimse tosca ábhartha – lena n-áirítear cineál neamh-lánroghnach phróiseas Alt 56 agus na himpleachtaí iarmhartacha do shreabhadh eile oibre lánroghnach – nach mór dúinn tabhairt faoi na hacmhainní atá ar fáil againn a chur chun úsáide ar an mbealach is éifeachtaí is féidir.

Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn méid breise de shoiléireacht agus de thrédhearcacht a sholáthar maidir leis na himpleachtaí iarmhartacha atá i ndán dár gcur chuige i dtreo obair forfheidhmithe, i gcaitheamh na bliana atá faoi athbhreithniú, chuir an Oifig sraith Prionsabail Forfheidhmithe i dtoll a chéile a lorgaíonn chun na breithniúcháin a chur in iúl a chuireann faisnéis ar fáil do na cinntí a dhéanann an Oifig maidir le forfheidhmiú.

Go sonrach, agus a dheimhniú cibé acu chun tús nó gan tús a chur le próiseas forfheidhmithe mar fhreagairt ar shraith áirithe fíricí agus cúinsí agus, má chuirtear tús leo, ar chineál an phróisis forfheidhmithe sin, beidh aird ag an Oifig ar na prionsabail fhairsinge a leanas:

- scála agus tromchúise na saincheisteanna atá i gceist;
- tionchar féideartha níos fairsinge an mhí-iompair dhealraithigh;
- an fhéidearthacht go mbeadh mí-iompair eile ar bun ag an duine aonair/aonán ábhartha;
- an bealach a theastaíonn ón ngearánaí, sa chás gurb ann dó/di, chun an bhuncheist/na buncheisteanna a réiteach gan dul i muinín na hOifige;
- an dóchúlacht go mbainfear toradh dearfach amach; agus
- breithniúcháin leasa phoiblí.

Ba cheart go mbeadh toradh ní ba chomhsheasmhaí le sonrú trí aird a bheith ar na prionsabail thuas i dtreo gníomhaíochtaí a bhaineann le forfheidhmiú, agus go ndíreofaí acmhainní na hOifige ar na cásanna siúd is mó a uasmhéadódh éifeachtacht dhóchúil na hOifige chun a gcuid cuspóirí reachtúla a bhaint amach.

An bhliain faoi athbhreithniú

Mar is féidir a fheiceáil ó chorp na Tuarascála, sholáthair an Oifig roinnt aschur inláimhsithe i rith na bliana, arb éard atá sa toradh comhcheangailte a bhí orthu ná cur leis na nithe seo a leanas:

- cabhrú le páirtithe leasmhara cloí lena n-oibleagáidí agus suí lena gcearta faoi seach faoi dhlí na gcuideachtaí; agus
- aghaidh a thabhairt ar thuilleadh iompair neamhfhreagraigh agus neamhchomhlíontaigh agus é a dhímholadh.

Áiríodh na nithe seo a leanas leis na rannchuidithe suntasacha ina leith sin:

- foilsíodh sé cháipéis treorach agus faisnéise nua ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara;
- aimsíodh an coigeartú saincheisteanna iasachtaí stiúrthóirí ar bhonn neamhreachtúil cothrom le luach comhiomlán de thuairim is €62m;
- rinneadh comhlíonadh oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí thar ceann raon páirtithe a aimsiú go rathúil i gcorradh le 230 cás trí bhearta níos foirmiúla;
- aimsíodh an dícháiliú 25 duine aonair, agus an srianadh triúr eile, mar thoradh ar iarratais Chúirte arna ndéanamh ag an Oifig;
- rinneadh 219 stiúrthóir cuideachtaí a shrianadh, agus 9 stiúrthóir eile a dhícháiliú, mar thoradh ar iarratais chuig an Ard-Chúirt arna ndéanamh ag leachtaitheoirí tar éis don Oifig iniúchadh a dhéanamh ar thuairiscí bunúsacha leachtaitheoirí; agus
- aimsíodh 17 chiontú choiriúla sa Chúirt Dúiche as sáruithe Achtanna na gCuideachtaí.

Anuas ar an méid thuas, tar éis dlíthíocht fhadtréimhseach maidir le hiompar stiúrthóirí Bovale Developments roimhe seo, i Nollaig 2013, dheimhnigh an Ard-Chúirt, tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a tugadh chun airde, murach na cúinsí maolaithe, gurbh í an tréimhse chuí ar cheart

an bheirt daoine lena mbaineann a dhícháiliú ná 14 bliana an duine. Agus na tosca maolaithe curtha san áireamh, dheimhnigh an Chúirt gurbh í an tréimhse iarbhír ar cheart an bheirt a dhícháiliú ná 7 mbliana an duine.

Imeachtaí coiriúla a bhaineann le hIar-Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach

Ag an tráth a cuireadh na nótaí tuairimíochta seo le chéile, tá an chéad líon de thrialacha sceidealaithe coiriúla a bhaineann le himeachtaí ag Iar-Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach ag druidim chun deiridh. Tar éis imscrúdú fadálach, casta agus d'úsáid go leor acmhainní, tá na ceisteanna seo tagtha os comhair na gCúirteanna agus deimhneoidh giúiré a bpiaraí ciontacht nó neamhchiontacht na gcosantóirí, i gcomhréir lena gcearta Bunreachtúla. Sa chomhthéacs sin, is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil aon duine a cúisíodh neamhchiontach, agus is amhlaidh a bheidh sé/sí, go dtí go gcruthaítear a mhalairt.

Deirtear go bhfuil an triail reatha ar an trial choiriúil "bhóna bháin" is mó ar tugadh faoi i stair an Stáit riamh, agus baineann tábhacht shuntasach léi, ar an ábhar sin. Gan aird ar an toradh, léiríonn an chaoi gur tugadh chun trialach an cás seo, in ainneoin scála agus chastacht an cháis agus an iomaí gné úrnua atá ann agus cineál an cháis a úsáideann go leor acmhainní – go bhfuil an córas chun imscrúdú a dhéanamh ar chionta féideartha dhlí na gcuideachtaí atá ar na saghsanna is tromchúisí, in ann freagairt chuí a thabhairt, cé gur imríodh tionchar suntasach ar chumas na hOifige, sa chomhthéacs níos fairsinge. Táthar ag súil leis, go dtacóidh sin agus go gcuirfidh sé feabhas ar mhuinín an phobail as an gcóras sin agus, trína shíneadh, go gcuirfidh sé le treisiú cháil na hÉireann mar gheilleagar ar a ndéantar dea-rialáil.

Tá dhá thriail bhreise sceidealaithe faoi láthair le bheith ar bun, ceann amháin díobh a bhaineann le sáruithe breise líomhnaithe ar Achtanna na gCuideachtaí. Dé réir taithí, is eol dúinn gurb ionann tacú leis na húdaráis ionchúisithe chun tús a chur le triail ar díotáil agus chun tabhairt faoina gcuid dualgais nochta don chosaint agus dúshlán suntasach agus leanúnach. Dá réir sin, is féidir linn coinne réasúnta a bheith againn leis go leanfaidh an Oifig bheith páirteach sna ceisteanna seo go ceann roinnt mhaith ama.

Pleanáil lucht saothair

I gcaitheamh na bliana atá faoi athbhreithniú, chuir an Oifig athbhreithniú i gcrích ar a mhéid atá a meascán scileanna ar cóimhéid lena sainchúram reachtúil agus roinn sí an anailís toraidh leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Anuas air sin, bhí aird ag an athbhreithniú seo ar na himpleachtaí le haghaidh chleachtais forfheidhmithe na hOifge agus ar riar cásanna dóchúil na bPrionsabal Forfheidhmithe dá dtagraítear thuas.

Is í an phríomhcheist a eascraíonn ón athbhreithniú sin ná an chonclúid, i gcomhthéacs na huaillmhéine chun díriú ar imscrúduithe níos casta agus tromchúisí ar dhlí na gcuideachtaí (sibhialta agus coiriúil araon), is gá breis gairmiúlú a dhéanamh ar an Oifig. Go sonrach, nuair a bhíonn aird ag duine ar an gcaoi gur comhábhair lárnacha iad saincheisteanna airgeadais agus gaolmhara den chuid is mó de na sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí, má tá an Oifig lena lánchumas a bhaint amach agus a cuid uaillmhianta a fhíorú chun díriú ar éagóir amhrasta atá den chineál níos tromchúisí, beidh orainn dul i ngleic le neamhleordhóthanacht an tsaineolais chuntasaíochta intí.

Chun an méid thuas a chur i gcomhthéacs, cé go bhfuil ag an Oifig, faoi láthair, líon foirne faofa beirt chuntasóirí, tá ceann de na poist sin folamh faoi láthair mar gheall go ndeachaigh duine amháin ar scor le déanaí. Bunaithe ar an athbhreithniú a luaitear thuas, bhí sé ina conclúid ag an Oifig, sna blianta amach romhainn, go dteastóidh uathu cúigear cuntasóirí breise taithíocha a cheapadh, a bhain na cáilíochtaí oiriúnacha amach, anuas ar a líon reatha faofa, d'fhonn go mbeidh ar a gcumas acu oibriú ar bhonn inchreidte agus ar bhonn marthanach ar an leibhéal ar mian leí a bhaint amach.

Ráitis chonclúideacha

Mar chonclúid, ba mhian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as ucht a dtiomantais agus a ndúthrachta leanúnaí do bhaint amach chuspóirí na hOifige. I gcaitheamh na bliana faoi athbhreithniú, lean an Oifig le tabhairt faoi athrú suntasach agus b'ionadh dom toil na gcomhghleacaithe chun an t-athrú sin a fháisceadh agus, faoi mar ba ghá, chun breis leibhéil shuntasacha freagrachta breise a ghlacadh.

Ian Drennan
Stiúrthóir
31 Márta, 2014

SRACFHÉACHAINT

SRACFHÉACHAINT

Tathant

- Eisíodh 6 fhoilseachán treorach agus faisnéise nua
- Soláthraíodh 60 láithreoireacht faisnéise agus freastalaíodh ar 16 thaispeántas

Forfheidhmiú

Foinsí ár gcuid oibre

- Fuarthas beagnach 2,000 tuairisc reachtúil ó leachtaitheoirí, ó iniúchóirí agus ó chomhlachtaí gairmiúla
- Fuarthas breis agus 250 gearán ó bhaill den phobal
- Rinneadh breis agus 100 ionchur go hinmheánach

Aschur ónár gcuid oibre

- Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar thuairiscí arna gcur faoi bhráid na hOifige ag leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha, rinne an Ard-Chúirt 219 stiúrthóir cuideachtaí a shrianadh agus 9 stiúrthóir cuideachtaí a dhícháiliú
- Coigeartaíodh sáruithe iasachta stiúrthóirí ar fiú €62m iad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na hOifige
- Aimsíodh comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí i 230 ásc ar leith trí chumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú
- Rinneadh 25 duine aonair a dhícháiliú agus 3 daoine aonair eile a shrianadh mar thoradh ar iarratais na hArd-Chúirte arna ndéanamh an Oifig
- Aimsíodh 17 chiontú choiriúla sa Chúirt Dúiche, i dteannta Ordú dícháilithe gaolmhar
- Tarchuireadh 11 gceist ar leith chuig comhlachtaí cuntasóireachta gairmiúla maidir le ceisteanna a bhain lena mbaill

Imscrúdú A Bhaineann Leis An Mbanc-Chorparáid Angla-Éireannach CPT

Alt 60, Acht na gCuideachtaí, 1963

- Ag dáta an scríofa, tá triail triúr daoine ag gluaiseacht chun conclúide – cúisíodh gach cosantóir le sé chás déag de sháruithe líomhnaithe ar alt 60. Anuas ar na cúisimh a bhaineann le halt 60, cúisíodh duine de na cosantóirí le seacht gcás bhreise den sárú líomhnaithe ar fhorálacha alt 234(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963

Airgeadas

- Ba é €3.123m an costas ar an Oifig a rith le linn 2013, arb ionann é agus 58% dá leithdháileadh don bhliain agus laghdú 9% ón bhlian roimhe.

01. FORBHREATHNÚ AR OSFC

CAIBIDIL 1
FORBHREATHNÚ AR OSFC

Sainordú reachtúil

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Rinneadh foráil san Acht um Fhorfheidmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, ("AFDC")[1] do chruthú an phoist mar Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("an Stiúrthóir"). Faigheann an Stiúrthóir, a gceapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ("an tAire") é/í, cúnamh i gcabhair a shainordaithe/sainordaithe reachtúil:

- ó bhaill foirne arna gceapadh ag an Aire; agus
- ó bhaill den Gharda Síochána ar iasacht chun na críche sin.

I dteannta a chéile, comhdhéanann na daoine roimhe seo Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("OSFC")/"an Oifig").

Príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra

Leagtar príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra amach san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí[2]. Áirítear leo:

i. comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh;

ii. áisc de chionta a bhfuiltear in amhras orthu a imscrúdú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

iii. Achtanna na gCuideachtaí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear tríd an ionchúiseamh cionta trí bhíthin imeachtaí achoimre[3];

iv. cásanna a tharchur, faoina rogha, chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ("SIP") i gcás ina bhfuil cúis réasúnta ag an Stiúrthóir le creidiúint go ndearnadh cion indíotáilte[4] faoi Achtanna na gCuideachtaí; agus

v. ról maoirseachta a fheidhmiú, sa mhéid is a mheasann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó cuí, ar ghníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh.

Neamhspleáchas an Stiúrthóra

Déantar foráil san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí[5] go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid/cuid feidhmeanna.

Spriocanna ardleibhéil

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla, faoi mar atá leagtha amach thuas, ba iad spriocanna ardleibhéil OSFC i rith na bliana faoi athbhreithniú ná:

i. Tuiscint níos fearr ar chearta agus dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn;

ii. Aghaidh a thabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach sa mhéid go mbaineann sé le dlí na gcuideachtaí; agus

iii. Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Formhínítear mar seo a leanas na straitéisí agus na gníomhaíochtaí ar coinníodh leo agus a rinneadh faoi seach i rith na bliana faoi athbhreithniú chun na spriocanna seo a bhaint amach sa chuid eile den Tuarascáil:

[1] Alt 7
[2] Alt 12(1)
[3] Is é sin roimh an gCúirt Dúiche
[4] Is éard atá i gcion indíotáilte ná cion is féidir a thriail ar díotáil, is é sin, roimh ghiúiré sa Chúirt Chuarda
[5] Alt 12(2)

- Caibidil 2 – Tuiscint níos fearr ar chearta agus dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn;
- Caibidil 3 - Aghaidh a thabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach sa mhéid go mbaineann sé le dlí na gcuideachtaí
- Caibidil 4 - Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre

Acmhainní daonna

Amhail an 1 Eanáir 2013, bhí líon foirne faofa de 49.1 (1 Eanáir, 2012: 52.1) coibhéis lánaimseartha ("CL") agus líon iarbhír de 45.5 (1 Eanáir, 2012: 49.8) CL ag an Oifig. Amhail deireadh na bliana, bhí líon foirne faofa de 49.1 (31 Nollaig, 2012: 45.5) ag an Oifig agus b'ionann an líon foirne iarbhír agus 42.9 (31 Nollaig, 2012:44.4) CL. Leagtar comhdhéanamh líon foirne na hOifige amhail an 31 Nollaig 2013 amach sa Tábla thíos.

Tábla 1
Anailís ar líon foirne iarbhír (CLanna) – amhail an 31 Nollaig, 2013

Grád	Líon
Stiúrthóir	1
Ceannasaithe Feidhme[6] (ach amháin Garda)	4
Comhairleoirí Dlí	2
Cuntasóirí	1
Aturnaetha	2
Príomhoifigigh Cúnta	4
Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin	8
Oifigigh Feidhmiúcháin	6.8
Oifigigh Cléireachais	7.5[7]
Bleachtaire Gardaí (ar iasacht ó Biuró an Gharda um Imscrúdú Calaoise)	
Cigire Bleachtaireachta (Ceannasaí Feidhme)	1
Sáirsint Bleachtaireachta	2
Bleachtaire Gardaí	2.5
Garda	1
Ceannfort	0.1
IOMLÁN	**42.9**

[6] Comhairleoir Dlí amháin agus Aturnae amháin san áireamh
[7] Rúnaí Dlí sealdach san áireamh

Acmhainní airgeadais

Maoinítear an Oifig trí Vóta (Vóta 32) na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta ("an Roinn"). Leagtar amach sa tábla thíos sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas faoi seach na hOifige do 2013.

Tábla 2
Leithdháileadh airgeadais agus caiteachas - 2013

	Cionroinnt €000anna	Caiteachas €000anna	%
Pá	2,475	2,394	97
Neamhphá	2,855	729	26
Costais Dlí Eiseachtúil	50	0	0
Iomlán	**5,380**	**3,123**	**58**

Ba iad seo a leanas na príomhfháthanna a raibh caiteachas iarbhír difriúil leis an leithdháileadh:

- coigiltí ar phá, mar thoradh ar laghduithe foirne ag teacht as folúntais a tháinig chun cinn i rith na bliana; agus
- níor tháinig costais áirithe dlí a rabhthas ag súil leo aníos i rith na bliana. Ar chinneadh dhá chás, seachnaíodh costais go rathúil. I gcásanna eile, cuireadh saincheist na gcostas siar toisc go raibh éisteacht na gcásanna sin os comhair na gCúirteanna ar feitheamh amhail deireadh na bliana.

Déantar anailís níos mionsonraithe ar chaiteachas i rith na bliana a leagan amach in Aguisín 1 leis an Tuarascáil seo.

Struchtúr eagraíochtúil

I rith 2012, rinneadh leasuithe áirithe le structúr eagrúcháin na hOifige i bhfeidhm, agus na leasuithe sin, mionsonsonraí a sholátharaíodh sa Tuarascáil Bhliantúil 2012, dírithe den chuid is mó ar an réimse um Fhorfheidhmiú agus Seirbhísí Gairmiúla. Imríodh tionchar ar roinnt leasuithe struchtúracha i rith na bliana faoi athbhreithniú mar fhreagairt ar riachtanais oibríochtúla.

Agus aird á tabhairt ar phríomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra agus ar na sruthanna oibre lena mbaineann, tá an Oifig struchtúrtha in ocht nAonad, agus tagann gach Aonad faoi fhreagracht duine amháin as cúigear Ceann Feidhme. Déantar struchtúr eagrúcháin na hOifige a leagan amach san eagraghram ar an gcéad leathanach eile.


STIÚRTHÓIR
FORFHEIDHMIÚ
DÓCHMHAIN-NEACHT
TIONSCADAIL SPESIALTA
ATURNAETHA
GARDA
KEVIN PRENDERGAST
CEANNASAÍ FHORFHEIDHMITHE
CONOR O'MAHONY
CEANNASAÍ DÓCHMHAIN-NEACHTA & SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACH
KEVIN O'CONNELL
CEANNASAÍ TIONSCADAIL SPESIALTA
ANN KEATING
PRÍOMH-ATURNAE
RAY KAVANAGH
CIGIRE BLEACHATAIRE
AONAD TATHANTA
AONAD FHORFHEIDH-MITHE I
AONAD FHORFHEIDH-MITHE II
AONAD TIONSCADAIL SPESIALTA
AONAD ATURNAETHA
AONAD GARDA
AONAD DÓCHMHAIN-NEACHTA
AONAD SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACH

Socruithe rialachais

I bpáirtíocht leis na leasuithe le struchtúr eagrúcháin na hOifige a cuireadh i bhfeidhm tar éis Stiúrthóir nua a cheapadh i 2012, rinneadh leasuithe áirithe le struchtúir rialachais na hOifige. Mar thoradh air sin, tagann Bord Bainistíochta athchumraithe – ina bhfuil an Stiúrthóir agus gach Ceann Feidhme – le chéile go rialta agus pléann sé saincheisteanna ag a bhfuil ábharthacht ar fud na hOifige. Áirítear feidhmíocht eagrúcháin agus bainistíocht riosca le saincheisteanna a bhfuil an-tábhacht ag baint leo ó thaobh an Bhoird Bhainistíochta.

Príomhshruthanna oibre

Is amhlaidh nádúr phríomhshruthanna oibre na hOifige go dteastaíonn ó fhormhór díobh cur chuige ildisciplíneach ina bhfuil idirghníomhaíocht leanúnach idir Aonaid agus/nó comhar gníomhach na nAonad d'fhonn cuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

Dá réir sin, is éard atá i gcumarsáid éifeachtach idir Aonaid, agus peirspictíocht ar fud na heagraíochta á glacadh ag gach Aonad agus a chuid feidhmeanna á bhfeidhmiú aige ná imthoisc ratha ríthábhachtach. Dá réir sin, is cur chuige é seo a dhéanann an Bord Bainistíochta a spreagadh agus a éascú.

Déantar príomhshruthanna oibre na hOifige a leagan amach sa Tábla thíos, i dteannta sonraí maidir leis an áit sa Tuarascáil seo ina bpléitear go príomha le gach sruth oibre.

Tábla 3
Príomhshruthanna oibre

Sruth oibre	Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha	Caibidil
Comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh	Sa chéad ásc, is ar an Aonad Tathanta atá freagracht as comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí. Mar sin féin, déanann an tAonad Tathanta teagmháil le hAonaid eile lena mbaineann d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí ar fiú tionscnaimh dhírithe tathanta iad a shainaithint.	2
Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant	Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí OSFC d'aonad amháin nó níos mó ná aonad amháin. I gcoitinne, áfach, déanfar forbairt na n-aighneachtaí a chomhordú tríd an Aonad Tathanta.	2
Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar thuairiscí leachtaitheoirí	Déanann an tAonad Dócmhainneachta tuairiscí leachtaitheoirí a phróiseáil. Déanann Cás-Oifigigh, a oibríonn den chuid is mó san Aonad Dócmhainneachta agus san Aonad Fhorfheidhmithe faoi seach, cinntí ar thuairiscí aonair.	3
Scrúdú gearán agus tuairiscí reachtúla	Tá freagracht ar an fheidhm Forfheidhmiú as gearáin agus tuairiscí reachtúla (ar nós tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó iniúchóirí, mar shampla) a scrúdú. Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thagann aníos, féadfaidh an fheidhm Forfheidhmiú: • aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna é féin, m.sh. trí bhíthin coigeartú/leasú deonach nó trí chumhachtaí áirithe de chuid chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra á n-úsáid; • an cheist a tharchur chuig an Aonad Forfheidhmithe le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe; • an cheist a tharchur chuig an Aonad Dócmhainneachta, m.sh., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna i gceist le cuideachta dhócmhainneach atá faoi leachtú; • an cheist a tharchur chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile.	3

Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta	Den chuid is mó, déanann an tAonad Forfheidhmithe, i gcomhar le hAonad an Aturnae Phríomha, dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta a bhainistiú. Comhbhainistíonn an tAonad Dócmhainneachta agus Aonad an Aturnae Phríomha dlíthíocht shibhialta, ar nós dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh as an gClár le linn dóibh fiachais neamhscaoilte a bheith acu a iarraidh.	3
Imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh	Déanann an tAonad Forfheidhmithe i gcomhar le hAonad an Gharda Síochána, imscrúdú ar sháruithe coiriúla féideartha Achtanna na gCuideachtaí. A luaithe is a dhéantar cinneadh chun tús a chur le himeachtaí coiriúla achoimre, éiríonn an t-ionchúiseamh ina ionchúiseamh comhoibrithe idir an tAonad Forfheidhmithe, Aonad an Gharda Síochána agus Aonad an Aturnae Phríomha. I gcásanna ina ndéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, tar éis dó/di athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe faoi mar a bhí sé curtha ag an Oifig, cinneadh chun ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, bíonn freagracht ar an Aonad Forfheidhmithe agus Aonad an Gharda Síochána go príomha as tacaíocht ina dhiaidh sin a chur ar fáil d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (mar shampla, maidir le nochtadh leis an gcosaint).	3
Maoirseacht ar iompar leachtaitheoirí	Is éard atá i ngníomhaíochtaí a dhéantar chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (ar nós, mar shampla, léiriú leabhar agus taifead leachtaitheoirí a iarraidh) ná iarracht chomhoibríoch idir an tAonad Dócmhainneachta agus an tAonad Forfheidhmithe. I gcásanna ina dtagann an gá le dul i mbun dlíthíochta as na gníomhaíochtaí sin, glacann Aonad an Aturnae Phríomha páirt.	3
Soláthar seirbhísí tacaíochta	Is é an tAonad Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar. Tá freagracht ar gach Aonad as cabhrú leis an Aonad Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibleagáidí OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí (m.sh. i réimsí an tsoláthair, na nósanna imeachta imréitigh cánach, srl.).	4
Bainistíocht agus forbairt caidrimh	Cé go mbeidh méid níos mó idirphlé le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ag Aonaid áirithe ná a bheidh ag aonaid eile, de bhrí chineál a n-oibríochtaí príomha, is amhlaidh nádúr idirnasctha na heagraíochta go bhfuil ról ag gach Aonad i mbainistíocht agus i bhforbairt caidrimh leanúnach.	2

TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN

02.

CAIBIDIL 2
TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN

Intreoir

Soláthraítear sa Chaibidil seo sonraí faoi na príomhstraitéisí arna saothrú agus faoi na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig i rith na bliana faoi athbhreithniú ar mhaithe leis an sprioc sonraithe thuas a chur chun cinn. Mar achoimre, áiríodh na nithe seo a leanas leis na straitéisí agus na gníomhaíochtaí sin:

- rinneadh foilseacháin agus ábhar treorach eile a fhorbairt agus a fhógairt;
- chuathas i mbun raon gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear soláthar láithreoireachtaí, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais agus déileáil le fiosruithe ginearálta faoi dhlí na gcuideachtaí ó bhaill den phobal;
- tathantaíodh feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais; agus
- rinneadh caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt.

Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana

Foilseacháin

Déanann an Oifig faisnéis agus treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú ó am go chéile ar mhaithe le páirtithe leasmhara. De ghnáth, tarlaíonn foilsiú an ábhair sin mar thoradh ar an achtú píosa nua reachtaíochta nó mar fhreagairt do shaincheisteanna arna sainaithint trí ghnéithe eile d'obair na hOifige (m.sh. ar ghnéithe de dhlí na gcuideachtaí is dealraitheach a bheith mar chúis le leibhéil shuntasacha neamhchomhlíonta). I rith na bliana, d'eisigh an Oifig 6 fhoilseachán nua (2012: 10). Leagtar sonraí faoi na foilseacháin sin amach sa Tábla thíos.

Tábla 4
Foilseacháin a eisíodh - 2013[8]

Dáta a Eisíodh	Foilseacháin
Eanáir - Nollaig 2013[9]	Liosta cuideachtaí dóchmhainneacha agus leachtaitheóiri thuairiscithe maidir leo a shainaithin an OSFC ceanglas Tuairisc faoi alt 56 i 2013.
Feabhra 2013	Cruinnithe Ginearálta Bliantúla - Treoir Thapa
Feabhra 2013	Leabhair Chuntas a Choinneáil - Treoir Thapa
Bealtaine 2013	Tuarascáil Bhliantúil
Lúnasa 2013	Coiste Cigireachta - Treoir Thapa
Meán Fómhair 2013	Fógra Eolais I/2013/1 - Nochtadh Faisnéis Cuideachta

I gcaitheamh na bliana, d'fhoilsigh an Oifig liostaí démhíosúla de chuideachtaí dócmhainneacha agus na leachtaitheoirí tuairiscithe ar shainaithin an OSFC an gá le Tuarascáil alt 56 a chur i dtoll a chéile ina leith in 2013. Is é cuspóir an liosta seo a chur ar chumas páirtithe ar spéis leo aon cheisteanna buartha, a bhaineann le cuideachta

[8] Tá na foilseacháin go léir ar fáil ag www.osfc.ie
[9] Fóilsíodh gach dha mhí, le fail ag http://www.odce.ie/ga-ie/foilseach%c3%a1in/foilseach%c3%a1inabhaineannleleacht%c3%ba/leachtuithenua20102013.aspx

dhócmhainneach ar ar imríodh tionchar, a thabhairt chun airde an leachtaitheora agus/nó an OSFC d'fhonn go gcuirfí aon chinn de na buarthaí sin san áireamh nuair a bheadh measúnú á dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart iarratas a dhéanamh stiúrthóirí na cuideachta a shrianadh roimh an Ard-Chúirt. Pléitear próiseas alt 56 ar bhonn níos mionsonraithe i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo.

Le linn 2013, d'eisigh an Oifig líon foilseacháin bhreise chomh maith ina réimse de Treoir Tapa. Dhéileáil na foilseacháin seo leis an méid a leanas:

- Cruinnithe Bliantúla Ginearálta;
- Leabhair Chuntais a Choimeád; agus
- Coistí Cigireachta.

Cuirtear an treoir uile sin i dtoll a chéile i gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh ("ANLA") agus, mar dhea, d'éirigh leo an stampa "Bhéarla Shoiléir" a fháil, a thugann stíl shoiléir, ghonta agus shimplí scríbhneoireachta le tuiscint a ligeann don léitheoir chun tuiscint gan stró a fháil ar an teachtaireacht.

Ó thráth go chéile, foilsíonn an Oifig Fógraí Eolais, mar shampla, ar reachtaíocht a achtaíodh le déanaí ar mhaithe le páirtithe leasmhara. Sa chomhthéacs sin, d'fhoilsigh an Oifig cáipéis amháin den sórt sin i rith na bliana - ar ábhar na gceanglas um nochtadh faisnéise ag cuideachtaí faoi Achtanna na gCuideachtaí agus ar Rialacháin éagsúla an AE.

De bhreis ar an méid roimhe seo, d'eisigh an Oifig corradh le 15,000 cóip dá foilseacháin éagsúla i rith 2013. Go háirithe, bhí an-mheas ar Leabhair Eolais nuashonraithe na hOifige, agus ar shraith mhéadaithe na hOifige de Threoracha Tapa freisin. Trí chomhaontú leis an Oifig, thug an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ("OCC") tuairim is leathchuid de na cáipéisí seo do dhaoine a bhí i mbun cuideachta nua a chlárú[10]. Rinneadh an chuid eile a eisiúint go príomha mar fhreagairt d'éileamh poiblí, bíodh sé ag imeachtaí, taispeántais nó láithreoireachtaí nó mar go raibh daoine ag dul i dteagmháil leis an Oifig go díreach.

Seimineáir agus taispeántais

Gné thábhachtach de straitéis tathanta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Is éard atá i gceist anseo, i measc nithe eile, ná an soláthar láithreoireachtaí agus óráidí do ghrúpaí páirtithe leasmhara, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí ar dóigh dóibh gné amháin nó níos mó ná gné amháin de spriocphobal na hOifige a chur san áireamh. Shainaithin an Oifig sainghrúpaí áirithe a bheith i measc a spriocphobail, lena n-áirítear:

- daoine atá breithniú á dhéanamh acu ar chorprú nó a chorpraigh gnóthais le déanaí;
- gairmithe i mbun comhairle a chur ar fáil do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachta atá in ann an teachtaireacht chomhlíonta a chur in iúl do chliaint agus, tríd sin, clúdach na hOifige a leathnú go mór;
- mic léinn atá cláraithe faoi láthair i gcláir ghnó ag leibhéal fochéimithe nó iarchéimithe, a n-éireoidh formhór díobh ina stiúrthóirí cuideachtaí nó ina gcomhairleoirí gairmiúla sa deireadh; agus
- an earnáil pobail agus an earnáil dheonach, ina mbíonn easpa eolais ar dhlí na gcuideachtaí óna nádúr de ghnáth agus, dá bhrí sin, a bhaineann leas as treoir de ghnáth.

I rith na bliana, sholáthair foireann na hOifige 60 láithreoireacht (2012: 47) do lucht éisteachta de thart ar 2,500 duine san iomlán. Bhí sé suntasach go háirithe, sa chéad tréimhse den bhliain, chuir an Oifig lena n-idirchaidreamh le Comhairlí Cathrach agus Contae ar mhaithe le breac-chuntas a thabhairt ar na saincheisteanna rialachais chorparáidigh a d'fhéadfadh teacht aníos i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a dhéanann siad agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil faoi seach trí mheán na gcuideachtaí. Anuas air sin, ghlac an Oifig páirt san imeacht an-rathúil 'Taking Care of Business' a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 2013. Beidh an t-imeacht seo ar siúl i líon ionaid réigiúnach le linn 2014. I rith na bliana, rinneadh ionadaíocht don Oifig ag 16 thaispeántas agus imeacht (2012: 16). Déantar sonraí faoi na láithreoireachtaí a soláthraíodh agus faoi na taispeántais ar freastalaíodh orthu faoi seach i rith na bliana a leagan amach in Aguisín 2 leis an Tuarascáil seo.

[10] De ghnáth, eisíonn an CRO Treoir Thapa OSFC faoi stiúrthóirí cuideachta mar chuid dá paca mar a thugtar do chuideachtaí nua-chorpraithe.

Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant

Mar gheall ar a sainordú um chomhlíonadh a chur chun cinn agus um neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú, tá an Oifig in ann peirspictíocht eolasach a chur ar fáil maidir le plé agus díospóireachtaí beartais a tharlaíonn ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE i ndáil le dlí na gcuideachtaí agus le topaicí lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, rinne an Oifig aighneachtaí mar fhreagairt do roinnt tograí beartais i rith na bliana. Leagtar tuilleadh sonraí amach thíos.

Bille na gCuideachtaí

I rith na bliana, lean an Oifig lena cuid oibre chun cabhrú leis an Roinn leis an mBille a chur chun cinn (is é an bunchuspóir chun stór reatha dhlí na gcuideachtaí a chomhdhlúthú, a chuimsítear faoi láthair i 16 Acht den Oireachtas[11] mar aon le Ionstraimí Reachtúla agus Rialacháin iomadúla) tríd an bpróiseas reachtaíochta. Áirítear leis an mBille, áfach, roinnt leasuithe agus breisiúchán a bheartaítear ar dhlí na gcuideachtaí faoi mar atá sé faoi láthair.

Reachtaíocht CBSE a bheartaítear

Aonáin shainchuspóireacha iad Comhfheithiclí Bainistíochta Sócmhainní na hÉireann ("CBSEanna"), a bhfuil roinnt saintréithe de chuideachta acu, cé nach cuideachtaí iad. Le linn na bliana, bhí baint ag an Oifig in idirchaidreamh fairsing leis an Roinn, an Roinn Airgeadais agus an Banc Ceannais ar thabhairt isteach beartaithe CBSEanna faoi reachtaíocht na hÉireann, as ar eascair, faoi dheoidh, cinneadh an Rialtais gur cheart go mbeadh ról teoranta ag an OSFC i rialáil na n-aonán seo (saincheist is ea príomhfhreagracht as rialáil na n-aonán seo don Bhanc Ceannais). Tuigeann an OSFC go gcuirfear na sonraí maidir leis an rialáil sin i gcrích i rith 2014.

Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt

Ar mhaithe lena cuspóirí reachtúla agus lena spriocanna gaolmhara a chur chun cinn, féachann an Oifig le caidrimh láidre agus éifeachtacha a choinneáil le raon príomhpháirtithe leasmhara. De bhreis ar an bpobal i gcoitinne, áirítear le príomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas, an tAire, an Roinn, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachtaí agus d'oifigigh chuideachtaí. Déantar idirghníomhaíochtaí na hOifige le príomhpháirtithe leasmhara áirithe i rith na bliana a achoimriú thíos.

Comhaltaí den Oireachtas

Faigheann an Oifig seo teachtaireachtaí ó chomhaltaí den Oireachtas ó am go chéile. De ghnáth, is éard atá sna teachtaireachtaí seo léiriú ar bhuairt faoi cé acu atá Achtanna na gCuideachtaí á sárú ag páirtithe ar leith nó nach bhfuil nó baineann siad le cásanna faoi athbhreithniú. Cé go bhfuil an Oifig an-srianta maidir leis an bpointe ar ar féidir léi freagairt do na teachtaireachtaí sin de bhua a hoibleagáidí rúndachta reachtúla, déanann sí a dícheall cibé cúnamh is féidir léi a chur ar fáil do Theachtaí[12] agus do Sheanadóirí[13].

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Lean an Oifig uirthi teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe sa Roinn ar fud na bliana ar chúrsaí leasa choitinn. Rinneadh ionadaíocht don Oifig ag cruinnithe bainistíochta na Roinne agus, lasmuigh de na struchtúir fhoirmiúla sin, déantar teagmháil rialta de réir mar is gá.

OCC (an Oifig um Chlárú Cuideachtaí)

Toisc gurb ise an stór poiblí faisnéise faoi chuideachtaí agus faoi oifigigh chuideachtaí, imríonn an OCC ról ríthábhachtach i dtacú leis an Oifig ina cuid oibre. De bhreis ar a teacht le chéile ar chúrsaí leasa choitinn, cuireann foireann an OCC fianaise ar fáil ar bhonn rialta d'imeachtaí OSFC agus, nuair a shainaithnítear iad, agus ar sháruithe prima facie Achtanna na gCuideachtaí.

[11] Téarma comhchoiteann ar Thithe Uachtaracha agus Íochtaracha na Parlaiminte
[12] Comhaltaí de Theach Íochtarach na Parlaiminte
[13] Comhaltaí de Theach Uachtarach na Parlaiminte

Biúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise ("BGIC")

Dá dtagraítear i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear le líon foirne na hOifige roinnt Gardaí. Tá na Gardaí sin ar iasacht ó BGIC. Tá dlúthchaidreamh na hOifige leis an nGarda Síochána, agus le BGIC go háirithe, ríthábhachtach ina hobair forfheidhmithe choiriúil. Sa chomhthéacs sin, buaileann an Oifig le bainisteoireacht BGIC ar bhonn rialta maidir le cúrsaí leasa choitinn.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ("ÚMICÉ")

De réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003, ("Acht 2003"), is ball de ÚMICÉ é an Stiúrthóir agus tá an ceart aige/aici chun ball a ainmniú chuig a Bhord Stiúrthóirí. Tá an tUasal Conor O'Mahony, Ceann Seirbhísí Dócmhainneachta agus Seirbhísí Corparáideacha, sa chomhthéacs sin, ina bhall de mBord na stiúrthóirí ag ÚMICÉ.

I rith na bliana, tháinig Bord ÚMICÉ le chéile 8 n-uaire. D'fhreastail ainmní OSFC ar gach ceann de na cruinnithe sin. Beidh Tuarascáil Bhliantúil 2013 ÚMICÉ ar fáil ar a láithreán gréasáin[14] a luaithe is a chuirfidh an tAire faoi bhráid an Oireachtais í.

De bhreis ar an gcaidreamh reachtúil mar atá leagtha amach thuas, rinne an Oifig teagmháil rialta le ÚMICÉ i rith na bliana maidir le cúrsaí leasa choitinn

An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta ("GADC")

Is comhlacht comhairleach bunaithe go reachtúil don Aire ar chúrsaí a bhaineann le dlí cuideachta é an GADC. Tá an Stiúrthóir ina bhall den GADC agus déantar ionadaíocht don Oifig ag cruinnithe iomlánacha agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram. I rith na bliana, lean an GADC leis a obair ar a chlár oibre do 2012-2014[15]. Rannchuidigh an Oifig leis na saincheisteanna seo a leanas, i measc nithe eile, mar a bhí breithnithe ag an GADC:

Úsáid agus athúsáid fhaisnéis an OCC
Ag trácht ar an ábhar fairsing seo, rinne an CLRG roinnt moltaí, lena n-áirítear an togra a athlua ina gclár 2006/2007 gur cheart go mbeadh stiúrthóirí aonair in ann iarratas a dhéanamh ar an nGarda Síochána go mbainfí a seoltaí ón taifead poiblí más baol ann dá slándáil phearsanta. Anuas air sin, mhol an Grúpa fothaca reachtúil do chóras athdháilte sonraí builc an OCC agus mhol siad go gcuirfí treoir nua ar fáil maidir le beartas cartlannaithe an OCC.

Tairseacha um dhíolúine iniúchta
Bhí sé ina chonclúid ag an GDAC, amach anseo agus ar aon dul leis an chuid is mó de dhlínsí eile Eorpacha, nár cheart go mbeadh le cuideachtaí ach dhá chritéar, seachas gach ceann de na trí cheann, de na critéir reatha a chomhlíonadh chun díolúine iniúchta a bhaint amach. Sa mhullach air sin, mhol an GDAC gur cheart go mbeadh bealaí áirithe ar láimh ag an OSFC lena dheimhniú cibé acu ar éilíodh díolúine iniúchta go dlisteanach nó go neamhdhlisteanach.

Ionadaíocht a dhéanamh do chuideachta os comhair na gCúirteanna
Chuir an GDAC tús le hathbhreithniú ar an ábhar seo i dtreo dheireadh 2013 agus tá an breithniúchán fós ar siúl.

An Banc Ceannais

Tá Meabhrán Tuisceana i bhfeidhm idir OSFC agus an Banc Ceannais. Bunaithe ar a reachtaíocht forais, ligeann sé don dá chomhlacht faisnéis a tharchur chuig an gcomhlacht eile i gcás ina bhfuil siad sásta go mbaineann an fhaisnéis sin le sainchúram an chomhlachta eile.

I rith 2013, d'óstáil an Banc Ceannais cruinniú d'Fhóram Rialtóirí, mar ar tháinig raon d'oifigigh shinsearacha ó chomhlachtaí rialála éagsúla le chéile chun plé a dhéanamh ar chúrsaí leasa choitinn. D'fhreastail foireann na hOifige ar an cruinniú agus táthar ag súil go leanfaidh an fóram air teacht le chéile sa todhchaí.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Is comhpháirtí tábhachtach don Oifig iad na Coimisinéirí Ioncaim a cuid oibre a chur chun cinn, go háirithe i ndáil le cúrsaí a bhaineann le dócmhainneacht. Sa chomhthéacs sin, tháinig an dá chomhlacht le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana. Ina theannta sin, chomhroinn an dá chomhlacht faisnéis maidir le 24 gcúrsa ar leith (2012:10).

[14] www.iaasa.ie
[15] Tá cóip de Thuarascáil Bhliantúil 2012 GADC ar fáil ag www.clrg.org

I rith 2013, lean foráil a bhí san áireamh san Acht Airgeadais, 2011 le tionchar a imirt ar chumas na hOifige seo chun faisnéis a úsáid a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim. Réitíodh an cheist seo, áfach, le linn na bliana faoi athbhreithniú trí leasú a chur san áireamh ar alt 18 den AFDC, amhail a chuimsítear in alt 6 d'Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013. Tháinig an leasú i bhfeidhm an 24 Nollaig 2013. Is é tionchar an leasaithe seo chun malartú agus úsáid fheabhsaithe faisnéise idir an Oifig agus réimse eile Gníomhaireachtaí reachtúla, na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh.

Gairm na Cuntasóireachta

Imríonn gairm na cuntasóireachta ról tábhachtach i gcabhrú le hobair na hOifige, tríd an oibleagáid tuairiscithe éigeantaigh ar iniúchóirí cionta indíotáilte a bhfuiltear in amhras orthu a thuairisciú faoi Achtanna na gCuideachtaí agus tríd an tacaíocht níos leithne do theachtaireacht chomhlíonta na hOifige a fhéadann a bhaill a sholáthar dá gcliaint. Mar sin de, féachann an Oifig le hoibriú go dlúth leis na comhlachtaí cuntasóireachta chun tacú leo a chinntiú go dtugtar eolas iomlán dá mbaill faoina n-oibleagáidí tuairiscithe éigeantaigh agus insint dóibh faoin gcúnamh a fhéadann an Oifig a sholáthar do dóibh siúd dá gcuid ball cliant atá i bpost mar stiúrthóirí cuideachtaí agus d'oifigigh chuideachtaí.

Thionóil ionadaithe na hOifige dhá chruinniú fhoirmiúla le baill shinsearacha de bhainisteoireacht na gcomhlachtaí cuntasóireachta i rith na bliana. De bhreis ar na cruinnithe sin, d'oibrigh an Oifig leis an ngairm freisin trí Ghrúpa Tadhaill Theicniúil, mar a bpléitear saincheisteanna de chineál níos teicniúla.

Stocmhalartán na hÉireann

Thionóil an Oifig cruinniú foirmiúil amháin le baill shinsearacha de Stocmhalartán na hÉireann i rith 2013.

Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta ("CIRD")

Is comhlacht idirnáisiúnta é CIRD a thugann le chéile na heispéiris agus an saineolas atá ag rialtóirí náisiúnta dócmhainneachta ó 26 dlínse ar fud an domhain. Is fóram luachmhar é CIRD, a bhfuil an Oifig ina ball de ón mbliain 2003, le haghaidh teagmháil agus comhar idir a chuid ball a chur chun cinn agus le haghaidh faisnéis maidir le réimsí leasa choitinn agus dea-chleachtais a chomhroinnt.

Páirtithe leasmhara eile

De bhreis ar na grúpaí páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas, rinne an Oifig bualadh le/oibriú le raon grúpaí páirtithe leasmhara agus páirtithe leasmhara eile i rith 2013, lena n-áirítear Institiúid na Stiúrthóirí, an tÚdarás Iomaíochta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.

Na meáin

Déileálann an Oifig leis na céadta ceist meán sa bhliain de ghnáth. Cé go bhfuil an Oifig aireach ar an ról tábhachtach a fhéadann na meáin a imirt in eolas a thabhairt don díospóireacht ar shaincheisteanna dlí cuideachta, comhlíonta agus rialachais i gcoitinne, agus go ndéanann sí a dícheall, nuair is féidir, cabhrú leis na meáin trí dhéileáil le ceisteanna ginearálta, ní mór di a bheith an-chúramach agus í a dhéanamh. Cuirtear cosc ar an Oifig, faoi reachtaíocht rialaithe, aon ráiteas poiblí a dhéanamh maidir leis an déanamh imscrúduithe, seachas i ndáil le faisnéis a chuaigh san fhearann poiblí cheana. Ina theannta sin, tá an Oifig aireach ar na cearta atá ag daoine aonair agus ag daoine eile atá ag teacht os comhair na gCúirteanna, agus, dá bhrí sin, ní eisíonn sí tuairiscí ar dhul chun cinn ná aon fhaisnéis eile faoina gníomhaíocht forfheidhmithe i gcás ina bhféadfadh sí dochar a dhéanamh d'aon ghníomhaíochtaí dlí amach anseo.

Nuair is iomchuí, cuireann baill d'fhoireann na hOifige ailt chuig na meáin agus chuig foilseacháin eile. Scríobh foireann na hOifige airteagail, nó chuir siad leo, i líon irisleabhair chuntasaíochta le linn 2013, ar ábhair ar nós glacadóireacht réamhphacáiste agus feiniméan lena mbaineann iniúchóirí neamhcháilithe.

03.

AGHAIDH A THABHAIRT AR IOMPAR NEAMHDHLEATHACH AGUS NEAMHFHREAGRACH SA MHÉID GO MBAINEANN SÉ LE DLÍ CUIDEACHTA

CAIBIDIL 3
AGHAIDH A THABHAIRT AR IOMPAR NEAMHDHLEATHACH AGUS NEAMHFHREAGRACH SA MHÉID GO MBAINEANN SÉ LE DLÍ CUIDEACHTA

Struchtúr na Caibidle seo

Is struchtúraithe ar bhealach trínar féidir na trí Chuid seo a leanas, is iad sin ionchuir, tréchuir agus aschuir na hOifige faoi seach, atá an Chaibidil seo.

CUID A: IONCHUIR

IONCHUIR SHEACHTRACHA

Stiúrtar gníomhaíochtaí na hOifige agus aghaidh á tabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach go pointe an-suntasach, ar bhealach díreach agus indíreach araon, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Seo feidhm den chaoi:

- go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe reachtúla don Oifig ag roinnt páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúchóirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a dhéanann foráil don tarchur faisnéise, faisnéis a bheadh rúnda ar shlí eile, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmithe i gcás ina meastar an fhaisnéis sin a bheith bainteach le feidhmeanna na n-aonán eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal sa bhliain.

Sa chomhthéacs sin, ba mar seo a leanas a bhí na hionchuir phríomha a fuarthas ó fhoinsí seachtracha i rith na bliana:

Tábla 5
Ionchuir ó fhoinsí seachtracha

		2013	%		2012	%
Tuarascálacha reachtúla						
Tuarascálacha tosaigh ó leachtaitheoirí faoi alt 56	1,226			1,315		
Tuarascálacha iardain ó leachtaitheoirí faoi alt 56	577			472		
Iomlán tuarascálacha ó leachtaitheoirí faoi alt 56		1,803	78.2		1,787	75.6
Tuarascálacha ó leachtaitheoirí ar coiriúileacht féideartha		10	0.4		2	0.1
Tuarascálacha indíotáilte ó iniúchóirí		203	8.8		157	6.6
Tuarascálacha indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla		0	0		7	0.3
Tuarascálacha de réir alt 19 d'Acht um Cheartas Choiriúil 2011		0	0		1	0
Tarchuir						
Tarchuir ó pháirtithe seachtracha		38	1.7		72	3
Gearáin						
Gearáin ó bhaill den phobal		252	10.9		337	14.4
Líon iomlán ionchuir ó fhoinsí seachtracha		**2,306**	**100**		**2,363**	**100**

Formhínítear thíos na príomhfhoinsí seachtracha ionchur a stiúir gníomhaíochtaí na hOifige sa bhliain faoi athbhreithniú.

Tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí

Intreoir – forbhreathnú ar an gcóras tuairiscithe leachtaitheora

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5 thuas, tá tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí ina gcúis le breis agus 78% de na hionchuir sheachtracha go léir a fuair an Oifig i rith 2013. Mar achoimre, ceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá dócmhainneach[16], de réir an dlí[17], tuairisciú don Oifig faoi fhorléasadh na cuideachta agus faoi iompar aon duine a bhí mar stiúrthóir den chuideachta sa dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir freisin tús a chur le hiarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt le haghaidh gach duine de na stiúrthóirí a shrianadh[18], murar bhain an Oifig an oibleagáid sin as/aisti[19].

Is iad na haidhmeanna éigeantacha atá ag baint leis an gcóras tuairiscithe reachtúil seo ná:

- cosaint áirithe a thabhairt don bhall trí chinntiú a dhéanamh nach bhféadfaidh daoine a cinneadh nár ghníomhaíodar go hionraic agus/nó go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach, i ndáil leis an tréimhse éigeantach srianta cúig bliana, gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí eile a chomhlíonann íosriachtanais chaipitlithe; agus
- a chinntiú go bhféadann daoine a cinneadh gur ghníomhaíodar go hionraic agus go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach leanúint orthu dul i mbun gníomhaíocht fiontraíochta trí mheán cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan smachtbhanna ná pionós.

Ina ról a chomhlíonadh, tá an Oifig ag súil go soláthróidh leachtaitheoirí an fhaisnéis ar fad a bhaineann le déanamh an chinnidh iomchuí. Tugann sí spreagadh do leachtaitheoirí freisin moladh oiriúnach ar fhaoiseamh a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a n-imscrúduithe.

Déanann an Oifig breithniú ar fhaoiseamh a dheonú i gcás ina gcuireann leachtaitheoir fírinniú bunaithe ar fhianaise ar aghaidh mar thaca le maíomh gur ghníomhaigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachtaí á ndéanamh aige/aici. Agus a cinntí á déanamh aici, is mian leis an Oifig a chinntiú nach mbeidh an t-ualach d'éisteacht Ard-Chúirte ar aon stiúrthóir gan ghá i gcás inar thaispeáin sé nó sí iompar iontaofa agus freagrach go soiléir agus gnóthaí an ghnóthais ar theip air á ndéanamh aige/aici. Dáiríre, gníomhaíonn an Oifig mar scagaire chun an gá le breithniú na hArd-Chúirte ar na cásanna ar cosúil nach fiú a haird iad a bhaint.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach gciallaíonn cinntí OSFC 'gan faoiseamh' nó 'faoiseamh páirteach' gur aimsíodh mí-ionracas nó neamhfhreagracht i leith na stiúrthóirí lena mbaineann, agus bheadh sé iomchuí dá mbainfí an tátal nó an líomhain sin as. Is faoin Ard-Chúirt amháin (tar éis di éisteacht le haighneachtaí an leachtaitheora agus na stiúrthóirí faoi seach) a chinneadh cé acu ar cheart, nó nár cheart, fógra srianta a dhéanamh i leith stiúrthóir cuideachta ar leith.

[16] Tá cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sé ábalta a cuid fiachas a íoc de réir mar atá siad dlite

[17] Alt 56 den AFDC

[18] I gcás ina bhfuil duine aonair srianta faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, ní fhéadfaidh sé/sí gníomhú mar stiúrthóir cuideachta nó mar rúnaí cuideachta ach ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin, ar choinníoll go gcomhlíonann an chuideachta lena mbaineann íosriachtanais chaipitlithe áirithe. I gcás cuideachta phríobháideach, tá íos-scairchaipiteal glaoite de €63,487 ag teastáil. I gcás cuideachta phoiblí theoranta, is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach.

[19] Leagtar próiseas agus scóip an tuairiscithe leachtaitheora amach i dtrí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna bhforlíonadh ag Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Eolais I/2009/1. Tá na cáipéisí sin ar fáil ag www.osfc.ie

Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Mar thoradh ar an dianchor chun donais eacnamaíoch, lean teipeanna cuideachta ar aghaidh ag leibhéal ard i rith 2013. Is féidir é sin a fheiceáil ón Tábla thíos:

- i rith na bliana, sheas leachtuithe dócmhainneacha (is iad sin leachtuithe creidiúnaithe agus Cúirte comhcheangailte) do 57% de na leachtuithe go léir (2012: 59%);
- tugadh laghdú 15% faoi deara in 2013 ar an líon leachtú dócmhainneach i gcomparáid le 2012 agus cuireann sé in aghaidh an treochta inar sháraigh an líon leachtú dócmhainneach 1,200 ar feadh ceithre bliana; agus
- bhí laghdú 8% ar leachtuithe sócmhainneacha (is iad sin leachtuithe ball) i rith 2013, ó 919 leachtú go 848 leachtú.

Tábla 6
Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2009 - 2013

	2009	2010	2011	2012	2013
Leachtuithe creidiúnaithe	1,124	1,258	1,311	1,210	1,043
Leachtuithe Cúirte	121	128	99	107	76
Iomlán leachtuithe dóchmhannacha	1,245	1,386	1,410	1,317	1,119
Leachtuithe Ball	1,158	899	1,054	919	848
Iomlán leachtuithe sóchmhannacha[20]	1,158	899	1,054	919	848
Leachtuithe iomlán	**2,403**	**2,285**	**2,464**	**2,236**	**1,967**

Tuairiscí leachtaitheoirí a fuarthas – 2013

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5 thuas, fuarthas 1,803 tuairisc leachtaitheoirí san iomlán i rith na bliana (2012: 1,787), dá raibh:

- 1,226 ina dtuairiscí tosaigh (2012: 1,315); agus
- 577 ina dtuairiscí iardain[21] (2012: 472).

Gur deas linn an laghdú 15% a tháinig ar an líon leachtú dócmhainneach i gcomparáid le 2012 agus, bunaithe ar a dtugtar le tuiscint faoi láthair, meastar go leanfaidh an treocht anuas seo le linn 2014. Leanann an t-ardleibhéal de leachtú nua leis na coinníollacha geilleagracha a léiriú a bhí i gceist le linn chúrsa na bliana faoi athbhreithniú. Gur gné lena mbaineann an-suntas sa chomhthéacs sin an chaoi gur bhain líon de na tuarascálacha a fuarthas le haonáin mhórscála, a bhfuil a ngnóthaí tráchtála an-chasta.

Sa Tábla thíos, soláthraítear sonraí maidir leis an leithdháileadh earnála cuideachtaí a bhfuarthas tuairiscí tosaigh leachtaitheoirí ina leith i rith na bliana.

[20] Cé nach bhfuil ról ar bith ag an Oifig maidir le leachtuithe sóchmhainnigh (is é sin leachtuithe ball), áirítear sonraí díobh ar mhaithe comhláine.

[21] Is éard atá i gceist i dtuairisc thosaigh ná an chéad tuairisc a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de 6 mhí tar éis a cheaptha/ceaptha. I bhformhór na gcásanna, bíonn an cinneadh ar cé acu a dheonaítear faoiseamh nó nach ndeonaítear bunaithe ar an tuairisc seo. I gcásanna áirithe, áfach, ceanglaítear ar an leachtaitheoir tuairisc iardain a chur isteach tar éis dó/di tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar a (h)imscrúduithe. I gcásanna ina meastar tuairisc iardain a bheith riachtanach, deon-aítear 'faoiseamh ag an am seo' i ndáil leis an tuairisc thosaigh de ghnáth.

Tábla 7
Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh alt 56 na leachtaitheoirí a fuarthas - 2013

Earnáil	2013		2012	
		%		%
Mórdhíol & miondíol	271	22	318	24
Foirgníocht	236	19	273	21
Déantúsaíocht & priontáil	159	13	172	13
Óstáin, barrana & lónadóireacht	117	10	137	10
Gnóthas pobail, sósialta & eile	103	8	116	9
Mairgíodh & bolscaireacht	89	7	78	6
Éastát réadach & ligean ar cíos	99	8	71	5
Iompar & dailiúcháin	44	4	51	4
Teicnólaíocht & teileachumarsáid	51	4	44	3
Airgeadais & léasú	27	2	18	1
Earcaíocht & seirbhísí slándála	13	1	19	1
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	17	1	18	1
Iomlán	**1,226**	**100**	**1,315**	**100**

Tráthúlacht thuairisciú na leachtaitheoirí

I rith na bliana, d'eisigh an Oifig 198 fógra (2012: 198) do 106 leachtaitheoir ar leith inar cuireadh in iúl dóibh go raibh a n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla á mainneachtain acu. Réitíodh cuid mhór de na mainneachtainí sin go pras mar thoradh ar an ngníomh seo agus, dá bhrí sin, fuarthas 97% de na chéad tuairiscithe a bhí dlite i rith na bliana faoi dheireadh na bliana (2012: 94%).

Mar sin féin, theip ar líon beag leachtaitheoirí a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh arís is arís eile. Is sainréimse fócais don Oifig iad na cásanna sin agus d'fhéadfadh gníomhaíocht forfheidhmithe iomchuí suas go dtí ionchúiseamh coiriúil, agus é san áireamh, teacht as na sáruithe seasmhacha sin ar oibleagáidí reachtúla.

Caighdeán thuairisciú na leachtaitheoirí

Measadh caighdeán thuairiscí na leachtaitheoirí a fuarthas i rith na bliana a bheith sásúil den chuid is mó. In áisc áirithe, áfach, ní raibh caighdeán an tuairiscithe ar an gcaighdeán a bhí ag teastáil. Thabharfadh tásca le tuiscint go gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh in imthosca rannpháirteacha ina leith sin:

- méid na dtascanna dócmhainneachta a dtugann roinnt gnólachtaí aghaidh orthu; agus
- mar thoradh ar iontrálaithe nua ag teacht isteach sa mhargadh, easpa coibhneasta taithí in obair a bhaineann le dóchmhainneachta. Sa chomhthéacs sin, soláthraíonn Tábla 8 thíos anailís ar próifíl na leachtaitheoirí a tugann faoi obair coinní dóchmhainneachta thar an tréimhse 2009 go 2013.

Mar gheall ar na saincheisteanna roimhe seo, bhí gá le leibhéal ard teagmhála le leachtaitheoirí lena mbaineann chun críche riachtanais na hOifige a shonrú agus gnéithe de thuairiscí a cuireadh isteach a shoiléiriú. I gcásanna áirithe, measadh a bheith riachtanach iarraidh ar leachtaitheoirí aonair teacht chuig an Oifig chun plé a dhéanamh ar a dtuairiscí agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar, inter alia, an mbonn leis na conclúidí a leagtar amach istigh iontu.

Tábla 8
Próifíl na leachtaitheoirí a thug aghaidh ar leachtuithe dócmhainneachta de réir líon na ngníomhaíochtaí 2009 – 2013

Líon leachtaitheoirí	Líon gníomhuithe				
	<3	3-6	7-12	>12	Iomlán
2009	122	25	18	16	181
2010	169	48	33	26	276
2011	182	57	30	27	296
2012	187	63	37	22	309
2013	203	46	16	21	286

Leithdháileadh earnálach d'ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 56 na leachtaitheoirí)

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5, níor sheas comhiomlán na n-ionchur seachtrach sin cé is moite de thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí ach do phas beag níos mo ná 20% de na hionchuir sheachtracha san iomlán a fuarthas sa bhliain. Sa Tábla thíos, soláthraítear anailís ar leithdháileadh earnálach na n-ionchur seachtrach eile sin.

Tábla 9
Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí

Earnáil	2013		2012	
		%		%
Éastát réadach & ligean ar cíos	80	16	92	16
Foirgníocht	65	13	54	9
Mórdhíol & miondíol	42	8	46	8
Déantúsaíocht	42	8	34	6
Óstáin, barrana & lónadóireacht	32	6	18	3
Gnóthas pobail, sósialta & pearsanta	40	8	26	5
Airgeadais & léasú	45	9	33	6
Iompar & dailiúcháin	10	2	11	2
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	8	2	17	3
Sláinte & obair shósialta	14	3	16	3
Teicnólaíocht & teileachumarsáid	22	4	22	4
Mairgíodh & bolscaireacht	5	1	54	9
Earcaíocht & seirbhísí slándála	7	1	1	0
Earnáil ghnó eile	38	8	60	10
Earnáil ghnó anaithnid	0	0	0	0
Nach cuideachta ann	53	11	92	16
Iomlán	**503**	**100**	**576**	**100**

Gearáin

Faigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal sa bhliain. I rith na bliana, fuarthas 252 gearán san iomlán (2012: 337), a sheas do 11% (2012: 14%) de na hionchuir sheachtracha go léir a fuarthas. Sa Tábla thíos, soláthraítear anailís ar ábhar na ngearán a fuarthas.

Tábla 10
Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)

	2013	%	2012	%
Líomhaintí trádáil mheargánta/chalaoiseach/ dhócmhainneach	43	17	77	23
Bainteach le Cruinnithe Cinn Bhliana Ginearálta/ Urghnácha	15	6	50	15
Bainteach le fiachas gan íoc	30	12	37	11
Saincheisteanna cearta scairshealbhóirí ginearálta	23	9	33	10
Bainteach le trádáil le linn bheith bainte den Chlár	1	0	32	9
Iompar stiúrthóra	40	16	24	7
Bainteach le iniúchadh/iniúchóir	28	11	17	5
Líomhaintí brionnú/faisnéis bhréige a thabhairt	21	8	12	4
Eile	51	20	55	16
Iomlán	**252**	**100**	**337**	**100**

Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó Iniúchóirí

Intreoir – forbhreathnú ar chóras tuairiscithe na n-iniúchóirí

I gcás ina bhfaigheann iniúchóirí cuideachta seilbh ar fhaisnéis, le linn dóibh iniúchadh a dhéanamh agus dá bhua sin, a bhfuil ina cúis lena dteacht ar an tuairim go bhfuil cúis réasúnach acu le creidiúint go ndearna an chuideachta, nó oifigeach nó gníomhaire den chuideachta, cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí[22], ceanglaítear ar na hiniúchóirí an tuairim sin a thuairisciú don Oifig[23]. Rinne an Oifig treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú chun cabhrú le hiniúchóirí a n-oibleagáidí ina leith seo a chomhlíonadh[24].

Cineál cionta a rabhthas in amhras orthu a tuairiscíodh

Le linn na bliana, fuarthas 203 tuairisc faoi chionta indíotáilte san iomlán (2012:157). Tugtar anailís sa Tábla thíos ar chineál na gcionta a rabhthas in amhras orthu a bhí sna tuairiscí sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil líon na dtuairiscí a fuarthas ar comhréir le líon na gcionta a rabhthas in amhras orthu a tuairiscíodh mar go raibh níos mó ná cion amháin a rabhthas in amhras air san áireamh i dtuairiscí i roinnt cásanna.

[22] Cé is moite de chionta faoi alt 125(2) agus alt 127(12) d'Acht 1963, arna leasú
[23] Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna chur isteach ag alt 74 den AFDC agus arna leasú ina dhiaidh sin ag alt 37 d'Acht 2003 agus ag alt 73 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005
[24] Fógra Cinnidh D/2006/2 – Treoir Athbhreithnithe faoi Dhualgas Iniúchóirí Tuairiscí a Chur Chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Chásanna Amhrais i leith Cion Indíotáilte. Forlíonadh é seo níos déanaí le Fógra Eolais I/2009/4 - Tuairisciú Cionta Dlí Cuideachtaí: Eolas d'Iniúchóirí

Tábla 11
Anailís ar chionta indíotáilte a rabhthas in amhras orthu a thuairiscigh iniúchóirí

	2013	%	2012	%
Sárú iasachta stiúrthóirí	165	78	127	76
Mainneachtain leabhair chuí chuntas a choinneáil	26	12	28	17
Ráitis bhréigeach d'iniúchóirí	2	1	1	1
Easpa cáilíochta chun ceapacháin mar iniúchóir agus ag feidhmiú mar iniúchóir	2	1	5	3
Falsú doiciméad	4	2	4	2
Cruinnithe Ginearálta Urghnácha gan bheith tionólta	0	0	0	0
Cionta eile ilgnéitheach	13	6	2	1
Iomlán	212	100	167	100

Tarchuir

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig mar chuid de chreatlach reachtúil níos leithne a cheadaíonn malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, comhlachtaí forfheidhmithe agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaintí agus teorainneacha cuí. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig tarchuir ó chomhlachtaí reachtúla eile ó am go ham. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 38 tarchur den sórt sin (2012: 72) ó roinnt foinsí éagsúla. Ina measc siúd, bhí:

- Cláraitheoir na gCuideachtaí;
- na Coimisinéirí Ioncaim; agus
- Ranne/Comhlachtaí Stait eile.

Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó chomhlachtaí gairmiúla

CACanna[25]

Sa chás go bhfuil forais réasúnacha ag Coiste Araíonachta nó ag Binse de chuid CAC chun a chreidiúint go bhféadfadh cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a bheith déanta ag duine nuair a bhí an duine sin ina bhall/ball den Chomhlacht Aitheanta Cuntasóireachta, éilítear ar an gCAC sin an t-ábhar a thuairisciú don Oifig[26]. Nach bhfuarthas aon tuarascálacha den chineál sin i rith na bliana faoi athbhreithniú (2012: 7).

Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla ("CFG")

Mar an gcéanna, sa chás go bhfaigheann an Coiste Araíonachta nó Binse de chuid CFG amach nár choimeád ball atá i mbun leachtaithe nó glacadóireachta taifid iomchuí, nó go bhfuil forais réasúnacha ag an gCoiste Araíonachta nó ag Binse de chuid Comhlacht Forordaithe Gairmiúil chun a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí déanta ag an mball le linn leachtaithe nó glacadóireachta, ní mór don CFG lena mbaineann an t-ábhar a thuairisciú don Oifig[27].

[25] Is é is Comhlacht Aitheanta Cuntasaíochta (CAC) ann ná comhlacht cuntasóireachta a bhfuil cead aige údarás a thabhairt dá chuid ball, faoi réir critéir áirithe a bheith sásaithe ag na baill sin, gníomhú mar iniúchóirí reachtúla agus mar ghnólachtaí iniúchóireachta faoi seach. Tá sé Chomhlacht Aitheanta Cuntasaíochta, is iad sin:
- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC)
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ)
- Institute of Chartered Accountants in England & Wales (ICAEW)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ)
- Institute of Chartered Accountants of Scotland (ICAS)
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí (ICCP)

[26] Alt 192(6) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna leasú le halt 73 den AFDC

[27] Alt 58 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí

De bhun Rialacháin an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (Alt 58) 2002[28], ainmníodh na comhlachtaí seo a leanas mar CFGanna:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC);
- Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta (ICCB);
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ);
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ);
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí (ICCP);
- Institiúid Chánach na hÉireann; agus
- Dlí-Chumann na hÉireann.

Nach bhfuarthas aon tuarascálacha den chineál sin ó CFGanna i rith na bliana (2012: 0).

Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann

I gcúinsí inar cosúil go bhfuil aon iar-oifigeach nó aon oifigeach reatha de chuid na cuideachta ciontach in aon chion a bhaineann leis an gcuideachta, éilítear ar leachtaitheoirí tuairisc a thabhairt don SIP agus an t-ábhar a tharchur chuig an Oifig[29]. Baineann an oibleagáid tuairiscithe seo le gach leachtú, idir shócmhainneach agus dhócmhainneach (is é sin Leachtuithe Deonacha Creidiúnaithe agus Leachtuithe Cúirte araon). Le linn na bliana, fuair an Oifig 10 tuairisc den sórt sin (2012: 2).

Tuairiscí faoi alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011

Cuireadh oibleagáid reachtúil ar dhaoine i gcoitinne faisnéis ar leith a thuairisciú don Gharda Síochána maidir le "cionta iomchuí" áirithe le hAlt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011 ("ACC"). Is ionann cionta iomchuí agus iad siúd atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an ACC. Áirítear leo roinnt de na cionta is tromchúisí faoi Achtanna na gCuideachtaí. I measc na gcionta sin, tá:

- trádáil chalaoiseach[30];
- ráitis bhréagacha a dhéanamh le hiniúchóirí cuideachtaí[31];
- faisnéis bhréagach a thabhairt[32];
- cáipéisí cuideachta a dhíothú, a lot nó a fhalsú[33];
- mainneachtain taifid chuí chuntasaíochta a choimeád[34];
- cúnamh neamhdhleathach airgeadais a bheith á thabhairt ag cuideachta le haghaidh scaireanna a cheannach sa chuideachta sin[35];
- cásanna áirithe a bhaineann le faisnéis nó le réadmhaoin a choinneáil siar ó leachtaitheoirí[36]; agus
- calaoisí réamhleachtaithe[37].

Baineann an oibleagáid tuairiscithe le haon duine a bhfuil faisnéis aige/aici arb eol dó/di, nó a gcreideann sé/sí, a bheith ina cúnamh ábhartha maidir le:

[28] IR 544 de 2002
[29] Alt 299 d'Acht 1963
[30] Alt 297 d'Acht 1963
[31] Alt 197(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990
[32] Alt 242 d'Acht na gCuideachtaí 1990
[33] Alt 243 d'Acht na gCuideachtaí 1990
[34] Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990
[35] Alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963, (arna leasú)
[36] Mír (a), (d), (e), (f), (g), (i), (j), (k), (l), (m), (n), (o) nó (p) d'Alt 293(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1963
[37] Alt 295 d'Acht na gCuideachtaí 1963

i. cosc a chur le cion iomchuí a bheith á dhéanamh ag duine eile; nó

ii. gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine mar gheall ar chion iomchuí a bhaint amach.

Is é an oibleagáid ná an fhaisnéis sin a nochtadh *"...a luaithe agus is féidir é a nochtadh do bhall den Gharda Síochána."* Déanann duine a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach a bheith aige/aici, aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh cion coiriúil, contrártha le halt 19.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhforchuirtear oibleagáid chun tuairisc a thabhairt do OSFC le halt 19 den ACC. Ina ionad sin, is é an oibleagáid ná tuairisc a thabhairt do *"...b(h)all ar bith den Gharda Síochána".* Mar sin féin, mar a sonraíodh i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear le hoifigigh OSFC baill ar iasacht ón nGarda Síochána[38]. Dá bhrí sin, is féidir le daoine a bhfuil faisnéis acu maidir le cionta iomchuí ar cionta dlí cuideachta iad a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil trí fhaisnéis den sórt sin a thuairisciú do dhuine d'Oifigigh an Gharda Síochána de chuid na hOifige.

Nach bhfuarthas aon tuarascálacha den chineál sin i rith na bliana faoi athbhreithniú (2012: 1).

IONCHUIR INMHEÁNACHA

Intreoir

Cé, mar a bhí soiléir sa chuid níos luaithe den Chaibidil seo, go bhfágann líon na n-ionchur seachtrach a fhaightear go n-osclaítear formhór na gcáschomhad a osclaítear laistigh den Oifig seo mar fhreagra ar na hionchuir sheachtracha sin, gineann an Oifig ionchuir inmheánacha freisin trí ghlacadh le cur chuige réamhghníomhach i leith fhorfheidhmiú Achtanna na gCuideachtaí. I measc na n-ionchur i dtaca leis sin, tá tionscnaimh inmheánacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha;
- maoirseacht ar leachtaitheoirí; agus
- imscrúduithe agus fiosruithe eile arna dtosú ar a tionscnamh féin.

Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha

Sainíonn an Oifig mar "*chuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha*" na cuideachtaí sin a bhaintear de Chlár na gCuideachtaí mar gheall ar neamhchomhdú a dtuairisceáin bhliantúil agus a raibh dliteanais acu, cé acu a bhí na dliteanais sin iarbhír, teagmhasach nó ionchasach, ag an dáta ar ar baineadh den Chlár iad.

Is féidir leis an Oifig iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun stiúrthóirí de chuid cuideachtaí a baineadh den Chlár a dhícháiliú[39]. Mar sin féin, déantar foráil sa dlí[40] freisin nach féidir leis an gCúirt duine a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta nuair a baineadh an chuideachta sin den Chlár nó gur scaoileadh na dliteanais sin sular tionscnaíodh an t-iarratas a dhícháiliú. Agus breithniú á dhéanamh aici ar an bpionós a fhorchuirfear, is féidir leis an gCúirt na stiúrthóirí a shrianadh sa chás go mbreithníonn sí nach bhfuil údar le dícháiliú[41]

Sa chás go bhfuil fianaise ann a léiríonn go raibh cuideachta dócmhainneach ag an dáta ar ar baineadh den Chlár í, is é beartas na hOifige breithniú a dhéanamh ar dhícháiliú stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Sa chás go mbaintear cuideachta de Chlár na gCuideachtaí, dílsítear a cuid sócmhainní atá fágtha don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le forálacha an Achta Maoine Stáit 1954. In aon chás inar cosúil go raibh sócmhainní suntasacha ag cuideachta nuair a baineadh den Chlár í, cuireann an Oifig é sin in iúl don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

[38] Baill iad a bhfuil a gcuid gnáthchumhachtaí nó gnáthoibleagáidí faoi Alt 12(4) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, fós dílsithe dóibh agus atá in ann na gnáthchumhachtaí nó na gnáthoibleagáidí sin a fheidhmiú nó a chomhlíonadh mar bhaill den Gharda Síochána

[39] Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)

[40] Alt 160(3A) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)

[41] Alt 160(9A) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)

Maoirseacht ar leachtaitheoirí

Is é ceann de na feidhmeanna reachtúla atá ag an Stiúrthóir ná:
"...ról maoirseachta a fheidhmiú, sa mhéid is a mheasann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó cuí, ar ghníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh"[42].

Cé go dtugann próiseas alt 56, mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, deis don Oifig maoirseacht indíreach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d'obair leachtaitheoirí, measann an Oifig é a bheith cuí nó riachtanach ar shlí eile ó am go ham maoirseacht níos dírí a dhéanamh ar obair leachtaitheoirí. Déantar an mhaoirseacht níos dírí sin trí na cumhachtaí ar tugadh don Oifig le hAlt 57 den AFDC a fheidhmiú[43].

Foráiltear le halt 57 gur féidir leis an Stiúrthóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a iarraidh, ar a thionscnamh féin nó de bhun gearáin ó bhall, ó ranníocóir nó ó chreidiúnaí de chuid cuideachta, go dtáirgfear leabhair leachtaitheora – i ndáil le próiseas leachtaithe ar leith, nó i ndáil le gach leachtú arna ndéanamh ag an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar aon cheisteanna a bhaineann lena bhfuil i leabhair den sórt sin, agus gach cúnamh agus is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt a lorg.

Gabhann cosaintí áirithe leis na cumhachtaí a tugadh don Stiúrthóir le halt 57, is iad sin:

- ní mór don Oifig fógra a thabhairt don leachtaitheoir is freagróir faoin gcúis (faoi na cúiseanna) lena bhfuil an t-iarratas á dhéanamh; agus
- ní féidir iarratas a dhéanamh i leith leabhar a bhaineann le leachtú a tugadh chun críche níos mó ná 6 bliana roimh an iarratas.

Imscrúduithe a tosaíodh ar a tionscnamh féin

Mar a léirítear thuas, tionscnaíonn an Oifig fiosruithe agus imscrúduithe ar a tionscnamh féin nuair a mheastar é sin a bheith riachtanach nó cuí ar shlí eile, ag féachaint do na fíricí agus do na cúinsí bunúsacha. I measc na nithe a spreagann gníomhartha den sórt sin, tá:

- saincheisteanna a aithnítear go hinmheánach;
- saincheisteanna a tharchuirtear go hinmheánach;
- saincheisteanna a aithnítear de bhun athbhreithnithe ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC;
- saincheisteanna a aithnítear trí mhonatóireacht ar dhlíthíocht;
- saincheisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairisciú an phreasa, ar an idirlíon srl.

Mar shampla, is é a bhí i gceist le hábhar na bhfiosruithe a tionscnaíodh le linn na bliana ná amhras go raibh daoine féimhithe ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí, amhras go raibh daoine ag gníomhú mar iniúchóirí cé nach raibh siad údaraithe é sin a dhéanamh agus amhras gur falsaíodh cáipéisí.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunúsacha, is féidir cur le fiosruithe agus le himscrúduithe na hOifige trí na nithe seo a leanas a úsáid:

- cumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe do na Gardaí atá ar iasacht leis an Oifig de bhua na hoifigigh sin a bheith ina mbaill den Gharda Síochána

Líon na n-ionchur inmheánach – 2013

Gineadh 107 ionchur inmheánach san iomlán le linn 2013 (2012: 170).

[42] Alt 12(1)(e) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí
[43] Áirítear foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí in Alt 323A d'Acht 1963

CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, gintear ionchuir, is cuma cé acu a thagann siad ó fhoinsí inmheánacha nó ó fhoinsí seachtracha, cáschomhad a oscailt.

I gcás thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí, cuirtear cásanna i gcrích go nádúrtha de ghnáth nuair a dhéantar cinneadh ar cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar faoiseamh don leachtaitheoir ón oibleagáid chun srianadh stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Dúntar an comhad de ghnáth nuair a dheonaítear an faoiseamh sin. Sa chás nach ndeonaítear faoiseamh, nó nach ndeonaítear é ach go páirteach (is é sin deonaítear i gcás roinnt de na stiúrthóirí, seachas i gcás gach duine díobh), déanann an Oifig faireachán ar na himeachtaí iomchuí srianta nó dícháilithe agus taifeadtar an toradh chomh luath agus a dhéantar cinneadh ar na himeachtaí sin. Mar sin féin, déanann an Oifig athbhreithniú ar chásanna ó am go ham nuair a chuirtear imní in iúl di faoi na nithe seo a leanas, mar shampla:

- táillí leachtaitheoirí;
- mainneachtain shoiléir sócmhainní a leithdháileadh ar bhonn tráthúil;
- mainneachtain shoiléir leachtú a thabhairt chun críche laistigh d'amfhráma réasúnach.

I gcás ionchuir eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúchóirí, gearáin, tarchuir srl., osclaítear comhad agus déantar scrúdú ar an ábhar chun cinneadh a dhéanamh, sa chéad ásc, ar cé acu atá nó nach bhfuil sé ina ábhar a thagann faoi shainchúram na hOifige. Ina dhiaidh sin, déantar dul chun cinn ar chásanna ar an mbonn a mheastar a bheith is oiriúnaí dá gcúinsí ar leith. I measc na modhanna dul chun cinn, tá:

- bualadh leis an ngearánaí, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil de ghnáth ar na saincheisteanna a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith;
- bualadh leis na stiúrthóirí (mar shampla, i gcás a bhaineann le hiasachtaí stiúrthóirí);
- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú amhail, mar shampla:
  - éilimh a eisiúint chuig stiúrthóirí cuideachtaí chun leabhair agus taifid chuideachtaí a tháirgeadh;
  - éilimh a eisiúint chuig leachtaitheoirí chun a gcuid leabhair agus taifid leachtaithe a tháirgeadh;
  - éilimh a eisiúint chuig daoine atá ag gníomhú, nó a airbheartaíonn chun gníomhú, mar iniúchóirí le haghaidh fianaise a tháirgeadh ar a gcuid cáilíochtaí;
  - éilimh a eisiúint lena gceanglaítear ar leachtaitheoirí tuairiscí alt 56 atá amuigh a chomhdú;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a fhorghníomhú, cumhacht na gabhála a fheidhmiú srl.
- dul i dteagmháil le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith in ann cabhrú le fiosruithe na hOifige, mar shampla, trí fhaisnéis iomchuí a chomhroinnt.

Ar chríochnú fhiosruithe na hOifige, déantar cinneadh ar an gcineál gnímh is oiriúnaí atá le glacadh. Is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith i gceist anseo:

- cinneadh a dhéanamh gan aon ghníomh eile a ghlacadh (mar shampla, i gcásanna ina léiríonn fiosruithe nach raibh aon sárú ar dhlí na gcuideachtaí nó go raibh an sárú mionchúiseach ó thaobh cineáil de agus, mar thoradh air sin, gur díréireach a bheadh gníomh forfheidhmithe);
- cinneadh a dhéanamh gan gníomh forfheidhmithe a ghlacadh ar an ócáid seo ach, ina áit sin, rabhadh a eisiúint go mbrostófar gníomh forfheidhmithe má dhéantar an sárú arís (mar shampla, i gcásanna inar réitíodh an sárú);
- ábhair a tharchur chuig údaráis reachtúla eile nó chuig comhlachtaí gairmiúla eile i gcásanna ina mbaineann na hábhair le sainchúraim faoi seach na n-údarás agus na gcomhlachtaí sin;
- imeachtaí sibhialta a thionscnamh;
- imeachtaí coiriúla a thionscnamh.

Sna Táblaí seo a leanas, leagtar amach sonraí ar na hualaí éagsúla cáis a ndearna an Oifig dul chun cinn orthu le linn na bliana faoi athbhreithniú. Tugtar sonraí sa chéad chuid eile den Chaibidil seo ar na haschuir a thagann as próiseáil a dhéanamh ar ualaí éagsúla cáis na hOifige.

Tábla 12
Tréchur thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí - 2013

Tuarascálacha alt 56 idir lámha ar 1 Eanáir, 2013		917[44]
Tuarascálacha nua a fuarthas i 2013	1,803	
Lúide: Tuarascálacha ar a rinneadh cinntí i 2013	1,978	
Tuarascálacha alt 56 idir lámha ar 31 Nollaig, 2013		**742**

Tugtar sonraí níos déanaí sa Chaibidil seo ar chinntí na hOifige ar thuairiscí leachtaitheoirí.

Tábla 13
Tréchur cásanna eile - 2013

Cásanna eile idir lámha ar 1 Eanáir, 2013		184 [45]
Cásanna nua a osclaíodh i 2013	610 [46]	
Lúide: Cásanna a críochnaíodh i 2013	633	
Cásanna eile idir lámha ar 31 Nollaig, 2013		**155**

[44] Athluaite ó Thuarascáil Bhliantúil 2012
[45] Athluaite ó Thuarascáil Bhliantúil 2012
[46] 503 ionchur seachtrach (tagraíonn Tábla 9 dóibh) móide 107 ionchur inmheánach

CUID C: ASCHUIR

Aschuir ó phróiseas alt 56

Cinntí a rinneadh ar thuairiscí leachtaitheoirí

Rinne an Oifig cinntí críochnaitheacha (is é sin cinntí seachas iad siúd chun 'Faoiseamh ag an am seo' a dheonú) ar 1,356 tuairisc leachtaitheoirí le linn 2013 (2012: 1,246), agus rinneadh 622 cinneadh eile chun 'Faoiseamh ag an am seo' a dheonú (2012: 474).

As na cinntí críochnaitheacha a rinneadh le linn 2013, rinneadh 1,014 ceann acu i ndáil le tuairiscí tosaigh (2012: 1,026), agus rinneadh 3420 ceann eile acu i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin (2012: 220).

Déantar anailís sa dá Thábla seo a leanas ar na cinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh agus le tuairiscí iardain sin faoi seach.

Tábla 14
Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 56 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2013	%	2012	%
Faoiseamh iomlán[47]	951	69	979	73
Gan faoiseamh a dhámhadh[48]	47	4	39	3
Faoiseamh páirteach[49]	16	1	8	1
Faoiseamh ag an am seo[50]	359	26	298	23
Iomlán	**1,373**	**100**	**1,324**	**100**

Tábla 15
Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí iardain alt 56 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2013	%	2012	%
Faoiseamh iomlán[47]	239	39	135	34
Gan faoiseamh a dhámhadh[48]	80	13	71	18
Faoiseamh páirteach[49]	23	4	14	4
Faoiseamh ag an am seo[50]	263	44	176	44
Iomlán	**605**	**100**	**396**	**100**

Tá liostaí iomlána de na stiúrthóirí, agus de na cuideachtaí lena mbaineann, ar deonaíodh faoiseamh iomlán agus faoiseamh 'ag an am seo' dóibh le linn 2013 ar fáil ag www.osfc.ie.

[47] Dámhadh faoiseamh iomlán i gcásanna ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh gach stiúrthóir uile na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

[48] Níor dámhadh faoiseamh nuair ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas a le fáil tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), nach bhfuil go leor fianaise gur ghníomhaigh aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu

[49] Dámhadh faoiseamh páirteach in imthosca ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh roinnt stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nach leo ar fad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

[50] Dámhadh 'Faoiseamh ag an am seo' i gcásanna ina raibh an Oifig sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun a imscrúdú ar chúis le forléasadh na cuideachta a dul chun cinn / críochnú. Ar an dul céanna, ó am go ham, síleann an Oifig go bhfuil gá cinneadh cinntitheach a chur ar athlá mar gheall ar castacht cúrsaí cuideachtaí áirithe agus an riachtanas gaolmhar rannpháirtíocht forlíontach leis an leachtaitheoir bainteach. Agus 'Faoiseamh ag an am seo' dámhaithe, tá ceangal ar a leachtaoiteoir tuairisc nua a thabhairt isteach.

Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás nár dheonaigh an Oifig faoiseamh dóibh, éilítear ar leachtaitheoirí iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun srianadh na stiúrthóirí iomchuí cuideachtaí a lorg. I gcásanna áirithe, roghnóidh leachtaitheoirí, mar thoradh ar a gcuid imscrúduithe féin, dícháiliú stiúrthóirí, seachas srianadh stiúrthóirí, a lorg. Leagtar amach sa Tábla thíos sonraí ar thorthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt, faoi mar a thug an Ard-Chúirt iad le linn na bliana.

Tábla 16
Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 2013

	Cásanna	Stiúrthóirí curtha orthu
Orduithe um shrianadh deonta	116	219
Orduithe dícáiliú deonta	7	9
Gan Orduithe deonta	14	20
Iomlán	**137**	**248**

Tugtar tuilleadh anailíse in Aguisíní 3 go 5 den Tuarascáil seo ar na hOrduithe a rinne an Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí.

Fíricí agus cúinsí a ndearna an Ard-Chúirt breithniú orthu agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh aici

Is leagtha amach thíos, chun críocha léiriúcháin, atá samplaí de na cineálacha saincheisteanna a ndearna an Ard-Chúirt breithniú orthu agus na hOrduithe Dícháilithe atá liostaithe in Aguisín 4 a ghabhann leis an Tuarascáil seo á ndéanamh aici. Rinneadh na hOrduithe sin de bhun iarratais dícháilithe a rinne na leachtaitheoirí ceaptha tar éis dóibh tuairiscí alt 56 dá gcuid a chur faoi bhráid na hOifige.

- phléadáil stiúrthóir ciontach i gCúirt i SAM i leith líon cionta a bhain leis an gcalaois, ar bhain gné díobh le calaois a rinneadh i leith infheisteora a raibh leas á bhaint aige as cuideachta a bhí cláraithe in Éirinn;
- theip ar stiúrthóir díolacháin shuntasacha mhaoine a chur i dtaifead trí leabhair chuntais na cuideachta, agus níor coimeádadh leabhair ná cuntais chuí. Bhrionnaigh an stiúrthóir deimhniú oifigiúil Údaráis Áitiúil agus rinneadh íocaíochtaí suntasacha leis an gcuideachta agus de bhreis ar €244,000 dá bharr in asbhaintí pinsin agus ranníocaíochtaí fostóra nár tarchuireadh chuig an scéim reachtúil pinsin d'fhostaithe;
- fabhraíodh dliteanas cánach de bhreis ar €2.6 milliún (meastacháin san áireamh) i gcás cuideachta a sholáthair seirbhísí garda/slándála stataí. Ceapadh Glacadóir maidir le maoiniú neamhscaoilte agus rinne an tÚdarás Slándála Príobháidí a gceadúnas a chúlghairm chun seirbhísí slándála a oibriú. Theip ar na stiúrthóirí chun leabhair agus taifid chuí a choimeád ná chun iad seo a chur faoi bhráid an leachtaitheora ná chun comhoibriú leis an leachtaitheoir;
- in oibriúchán beag cuideachta, b'ionann tuarastail na stiúrthóirí agus céatadán mór de na forchostais agus níor chuir na stiúrthóirí ÍMAT/ÁSPC ná CBL i gcuntas i gceart ar feadh na dtrí bliana ar thrádáil dóibh. I mbliain 2, ghlac na stiúrthóirí iasachtaí stiúrthóra seachas pá inchánaithe ag an tráth a bhí an chuideachta ag streachailt lena gcuid spriocanna ioncaim a bhaint amach. Bhí sé ina chonclúid ag an leachtaitheoir gur chaith na hiasachtaí caipiteal oibre na cuideachta, agus gur éascaigh sé do na stiúrthóirí gan cáin a íoc ar feadh trí bliana agus gur theip ar na stiúrthóirí idirchaidreamh a dhéanamh leis an leachtaitheoir, ná freagra a thabhairt don leachtaitheoir maidir leis na hiasachtaí nár íocadh. Bhí dliteanas cánach €96,000 ag an gcuideachta ag tráth an leachtaithe;
- thug cuideachta faoi thearc-dhearbhú córasach ar dhliteanais chánach le haghaidh suimeanna de bhreis ar €356,000 thar thréimhse dhá bhliain. Comhdaíodh ráitis mhíthreoracha agus neamhchruinne leis an gClár Cuideachtaí agus níor coimeádadh leabhair agus cuntais chuí. Bhí sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim tabhairt faoi iniúchadh CBL nuair a cuireadh an chuideachta faoi leachtú;

- theip ar stiúrthóir cuideachta €3.1 milliún de chistí scairshealbhóirí a chur i gcuntas, ná chun míniú leordhóthanach a sholáthar ar cá ndeachaigh sé. Níorbh fhéidir suimeanna móra a sholáthair scairshealbhóirí a rianú i gcuntais na cuideachta. Fuarthas na cistí trí stiúrthóir na cuideachta agus bhí sé i gceist iad a sholáthar ar mhaithe leis an gcuideachta. Níor dhealraitheach gur tharla seo agus níor tugadh aon mhíniú sásúil. Rinneadh íocaíocht €500,000 le stiúrthóir ó chistí na cuideachta agus scaoil seo ráthaíocht phearsanta a thug sé, chomh maith;
- i measc na bhfíricí ábhartha, bhí dócmhainneacht chuideachta a bhain lena n-éagumas chun íoc as a ndliteanais chánach, teipeadh ar leabhair agus taifid chuí a choimeád ná chun iad seo a chur faoi bhráid an leachtaitheora ná chun comhoibriú leis an leachtú. Aistríodh sócmhainní chuig cuideachta eile agus úsáideadh cistí na cuideachta ar mhaithe lena gcaitheamh ar shlí mhaireachtála. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim achainí leis an Ard-Chúirt mar gheall ar fhoirceannadh na cuideachta de bhun dliteanais thart ar €203,000.

Aschuir shibhialta ó phróiseas alt 56

Go déanach in 2012, d'eisigh an Oifig fógraí faoi alt 57 den CLEA do leachtaitheoirí in dhá chás ar leith, a cheangail orthu na leabhair agus na cuntais a sholáthar maidir le leachtaithe ainmnithe. I gcás amháin, cuireadh an leachtaitheoir bainteach faoi agallamh de bhun alt 57(2). Ceanglaíonn alt 57(2) ar leachtaitheoirí chun aon cheisteanna a fhreagairt a bhaineann le hábhar na leabhar agus na gcuntas a iarrtar agus chun an chabhair sin a sholáthar ar pé bealach is féidir leis an leachtaitheoir a sholáthar go réasúnta. Bhí fiosrúcháin na hOifige sna cásanna seo ar bun ag deireadh na bliana.

Aschuir choiriúla ó phróiseas Alt 56

Ó thráth go chéile, sainaithníonn athbhreithniú na hOifige ar thuarisicí leachtaitheora saincheisteanna a meastar a dteastaíonn gníomhartha uathu de bhreis ar chinntiúchán a dhéanamh i ndáil le cibé acu ar cheart nó nár cheart faoiseamh a dheonú. I measc na ngníomhartha siúd bíonn an méid a leanas i gceist, de ghnáth:

- tarchuir inmheánacha a dhéanamh de shaincheisteanna a meastar a dteastaíonn breis imscrúdú uathu agus/nó gníomh forfheidhmithe; agus
- tarchuir a dhéanamh do chomhlachtaí eile rialála.

Ag eascairt ó anailís faoinar tugadh le linn na bliana, shainaithin an Oifig líon beag leachtaitheoirí ar theip orthu ar bhonn comhsheasmhach chun a ndualgais tuairiscithe a chomhlíonadh ar bhonn tráthúil. Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis na leachtaitheoirí siúd, mhol siad dóibh nach nglacfaí lena leibhéal neamhchomhlíonta a thuilleadh agus go n-eascródh tús a chur le hionchúisimh choiriúla as sáruithe a dhéanfar amach anseo. Tar éis na teagmhála seo a dhéanamh, tháinig feabhas suntasach ar na leibhéil chomhlíonta i measc an chohóirt seo de leachtaitheoirí. Mar sin féin, d'eascair cásanna de neamhchomhlíonadh i líon teoranta cásanna agus cuireadh tús le hionchúiseamh maidir le beirt leachtaitheoirí i gcaitheamh 2013 mar gheall gur theip orthu a dTuairiscí alt 56 a chomhdú laistigh de na spriocdhátaí reachtúla. I gcás duine de na leachtaitheoirí a bhí i gceist, ar phléadáil ciontach dó, gearradh alt 1(1) den Acht Promhadh Ciontóirí 1907 ar an gcosantóir maidir le dhá chúiseamh, agus d'íoc an cosantóir suim €500 an ceann den dá chúiseamh le bosca déirce na Cúirte agus chomhaontaigh sé costais ionchúisimh €1,250 a íoc. Theip ar an dara leachtaitheoir teacht i láthair na Cúirte agus, mar thoradh air sin, eisíodh barántas binse le haghaidh ghabháil an duine aonair. Cuirfear an dara cás thuas seo chun cinn i rith 2014. Sa mhéid go meastar is gá, tá sé ar intinn ag an Oifig seo chun tús a chur le breis ionchúiseamh sna cásanna cuí.

Aschuir na hoibre forfheidhmithe

Déantar obair forfheidhmithe na hOifige ar roinnt bealaí éagsúla, ina measc siúd:

- dul i dteagmháil le stiúrthóirí cuideachtaí agus le páirtithe leasmhara eile d'fhonn réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach i gcásanna neamhchomhlíonta;
- cumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú d'fhonn comhlíonadh a bhaint amach;
- fianaise ar sháruithe féideartha ar fhorálacha rialála, seachas iad siúd a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, a tharchur chuig rialtóirí iomchuí (lena n-áirítear ábhair iomchuí a tharchur chuig comhlachtaí gairmiúla freisin);
- réitigh shibhialta a lorg san Ard-Chúirt, amhail, mar shampla, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt le haghaidh dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí ar chúiseanna sonraithe;
- imeachtaí achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche; agus
- comhaid imscrúdaithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena bhreithniú ar cé acu atá nó nach bhfuil údar ag na hábhair sna comhaid sin le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda, tar éis mion-imscrúdú a dhéanamh agus teacht ar an tuairim ar bhonn an mhion-imscrúdaithe sin go bhféadfadh údar a bheith le triail ar díotáil mar gheall ar fhianaise ar choiriúlacht a bhfuiltear in amhras uirthi.

Leagtar amach thíos na príomh-aschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmithe na hOifige.

Réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach

I 175 (2012: 124) chás inar tuairiscíodh, nó inar tháinig chun solais ar shlí eile, sáruithe amhrasta ar iasachtaí stiúrthóirí, tháinig réitigh (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) arbh fhiú €62m san iomlán iad (2012: €55m) as gníomhartha na hOifige. I measc na ngníomhartha a ghlac an Oifig agus iad ag tabhairt faoin gcuspóir lena mbaineann ceartú a bhaint amach ar bhonn deonach, bhí cruinnithe a chur ar bun le stiúrthóirí cuideachta de chuid 15 chuideachta ar leith.

Anuas air sin, tugadh rabhadh foirmiúil do cheathrar dhuine aonair a raibh buarthaí ann ina leith gur airbheartaigh siad gurbh iniúchóirí iad cé nach raibh siad cáilithe le gníomhú san inniúlacht sin.

Comhlíonadh a áirithiú trí chumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú

Úsáideadh roinnt forálacha reachtúla éagsúla go rathúil le linn 2013 d'fhonn comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a áirithiú. Ina measc siúd:

- 3 ordú faoi alt 131(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963, (arna leasú) ("Acht 1963") lenar éilíodh tionól Cruinnithe Ginearálta Bliantúla ("CGB") cuideachtaí. Eisíodh na horduithe sin tar éis breithniú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas ó bhaill de na cuideachtaí lena mbaineann;
- 2 ordú faoi alt 145(3A) d'Acht 1963 lenar éilíodh táirgeadh miontuairiscí ó CGBanna cuideachtaí, chomh maith le táirgeadh miontuairiscí ó chruinnithe na stiúrthóirí/ó chruinnithe Choistí na stiúrthóirí. Mar an gcéanna, eisíodh na horduithe sin tar éis breithniú a dhéanamh ar na gearáin a fuarthas;
- 224 n-ordú, de bhun alt 371(1) d'Acht 1963, lenar éilíodh ar leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 56 den AFDC a chomhlíonadh;
- Ordú amháin, de bhun alt 371(1) d'Acht 1963, lenar éilíodh comhlíonadh gnéithe áirithe d'Achtanna na gCuideachtaí, lena n-áirítear na hoibleagáidí chun ráitis iniúchta airgeadais a ullmhú agus chun tuairisceáin bhliantúla a chomhdú leis an OCC; agus
- 2 éileamh faoi alt 19 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, a cheangail soláthar cáipéisí.

Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile

Cé go bhfuil oibleagáid ar an Oifig faisnéis rúnda a dtagann ina seilbh aici a choinneáil, tá foráil reachtúil[51] d'fhaisnéis a chur in iúl do thríú páirtithe áirithe (comhlachtaí rialála eile agus comhlachtaí gairmiúla áirithe) ar choinníoll go sásaítear critéir fhorordaithe áirithe.

De bhun na forála roimhe seo, rinneadh 11 dtarchur (2012: 18) chuig CACanna le linn na bliana. Ag féachaint dá shainchúram reachtúil *vis-a-vis* na CACanna, tugtar cóipeanna de tharchuir den sórt sin d'ÚMICÉ i ngach cás.

I measc na saincheisteanna a tharchuirtear chuig CACanna go minic, tá:

- cásanna ina bhfuil amhras go n-airbheartaíonn baill iniúchtaí a dhéanamh nuair nach bhfuil sé/sí údaraithe ag a chuid/cuid comhlachtaí gairmiúla é sin a dhéanamh nó nuair atá sé/sí coiscthe ar shlí eile de bhua dlí nó oibleagáidí gairmiúla;
- neamhthuairisciú, nó tuairisciú moillithe, cionta indíotáilte a bhfuiltear in amhras orthu;
- ceisteanna a bhaineann le cineál na dtuairimí iniúchta a thugtar i leith cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta;
- mainneachtain freagra a thabhairt ar fhiosruithe arna n-ardú ag an Oifig tar éis di tuairiscí a fháil faoi chionta indíotáilte.

Mar aon leis an méid sin roimhe seo, déanann an Oifig tarchuir chuig comhlachtaí rialála eile nuair a mheastar é a bheith riachtanach nó cuí ar shlí eile.

Forfheidhmiú sibhialta

Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha

Mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás go raibh cuideachtaí dócmhainneach nuair a bhí siad á mbaint den Chlár, is é beartas na hOifige breithniú a dhéanamh ar dhícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí den sórt sin a lorg i gcásanna cuí.

Baintear na mílte cuideachta den Chlár in aon bhliain ar leith. Mar sin féin, ní bhíonn ach cuid acu dócmhainneach. Tarlaíonn sé nach mbíonn cuid mhór cuideachtaí eile acu ag trádáil a thuilleadh nó go mbíonn gach dliteanas gan íoc dá gcuid scaoilte acu sular baineadh amach den Chlár iad. Mar gheall air sin, féachann an Oifig le cuideachtaí a aithint nuair atá fianaise go raibh fiacha neamhíoctha ábhartha ann ag an dáta ar ar baineadh den Chlár iad. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne an Ard-Chúirt cinneadh ar 14 cás (2012:10) a bhain le hiarratais ag an Oifig chun stiúrthóirí a dhícháiliú. I ngach cás, rinne an Chúirt 25 nOrdú (2012: 17) san iomlán chun stiúrthóirí a dhícháiliú agus rinne sí 3 Ordú sa bhreis (2012:1) eile chun stiúrthóirí a shrianadh.

Dheimhnigh an Oifig 41 cás breise (2012: 38) gan gníomh sa Chúirt a bheith ag teastáil. Ní leanann cásanna ar aghaidh chuig na Cúirteanna sa chás, mar shampla, go sásaíonn na hiarstiúrthóirí don Oifig gur réitíodh gach dliteanas sular eisíodh na himeachtaí beartaithe Cúirte nó sa chás gur cuireadh an chuideachta ar an gClár athuair, tar éis gur cuireadh tús le fiosrúcháin na hOifige.

Ag deireadh na bliana:

- eisíodh imeachtaí i gcás breise (a bhí ar feitheamh cinntiúcháin ag an Ard-Chúirt); agus
- bhí 8 gcás bhreise á scrúdú ag an Oifig.

[51] Alt 17 den AFDC

Ar an ábhar sin, déileáladh le 64 cás (2012: 67) le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Leagtar amach breis sonraí ar Orduithe a rinne an Ard-Chúirt sa Tábla thíos.

Tábla 17
Orduithe Dícháilithe agus Srianta a fuarthas de bhun alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990

Ainm na Cuideachta	Uimhir na Cuideachta	Daoine ar a cuireadh smachtbhannaí (baineann Dícháiliú mura dtugtar Srianadh le fios)	Dáta Tosaithe	Dáta Scoiran
Alliance Systems Buildings Ltd Alliance System Manufacturing Ltd	133079 139950	Michael Potter Geraldine Potter	29.01.13 29.01.13	29.01.17 29.01.17
Hillvale Developments Limited Ferns Close Management Company Limited	372457 412634	Francis Beggan Virginia Beggan	04.02.13 04.02.13	04.02.17 04.02.17
Grangeport Developments Ltd J & C Martin Investments Ltd John (Jerry) Martin & Company Ltd Doon Sewage Up-Grade Ltd Eirkey Forecourt Advertising Ltd	403259 456505 131778 421764 344659	Jerry Martin Catherine Martin	04.02.13 04.02.13	04.02.18 04.02.17
Mayo Truck Spares Limited	341850	Eamon McGreal Keri Louise McGreal	11.02.13 11.02.13	11.02.18 11.02.18
Valen Construction Limited	234709	Gillian Lowry Christopher Lowry	22.04.13 22.04.13	22.04.16 22.04.16
Fastnet Broadband Holdings Ltd Teocom Limited	407380 453877	Lawrence O' Neill - Restricted	04.03.13	04.03.18
Alonvert Limited	269073	Aidan O'Regan - Restricted Alicia Comiskey- Restricted	29.04.13 29.04.13	29.04.18 29.04.18
Peter & Yuk Company Limited Yo Thai Co. Limited	421556 345596	Yuk Chan Joon Hong Yong	17.06.13 17.06.13	17.06.18 17.06.18
O'Grady Excavations & Enterprises Limited	334550	Gerard F. O' Grady Declan O' Grady	22.07.2013 22.07.2013	22.07.2018 22.07.2018
Tony Burke Furniture Centre Limited	110004	Anthony Burke Delia Burke	29.07.2013 29.07.2013	29.07.2018 29.07.2018
Oakcourt Construction Limited	422397	Eamonn O'Loughlin Michele O'Loughlin	14.10.2013 14.10.2013	14.10.2017 14.10.2016
Cibo Foods Retail Limited Cibo Food Catering Limited Cibo Food Company Limited	395275 395274 361570	Ciaran O'Donovan Deborah Hughes Brian Hearne	14.10.2013 11.11.2013 11.11.2013	14.10.2017 11.11.2015 11.11.2017
D & G Electrical Services Limited	417365	Darren McKibben Catherine Johnston	11.11.2013 11.11.2013	11.11.2018 11.11.2018
Belmont Hotels Efrt Limited	129129 397664	Michael Morris Joan Morris	16.12.2013 16.12.2013	16.12.2018 16.12.2018

Imeachtaí eile forfheidhmithe shibhialta

An tUasal Michael Bailey agus an tUasal Thomas Bailey/Bovale Developments[52]
Mar a tagraíodh dó i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, thionscain an Oifig imeachtaí dícháilithe in aghaidh an Uasail Michael Bailey agus an Uasail Thomas Bailey (na Freagróirí), ar stiúrthóirí de chuid Bovale Developments iad, i 2006. Tar éis líon iarratais réamhthrialach (a ndearnadh achoimriú ar an cuid is mó díobh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo), d'éist an Ard-Chúirt leis an iarratas substainteach ar dhícháiliú na bhFreagróirí i nDeireadh Fómhair 2013 agus bhí sé faoi réir breithiúnas forchoimeádta a rinne an Chúirt an 9 Nollaig 2013.

Ní dhearna na Freagróirí díospóid gurbh ionann an fhianaise a thug an Oifig chun airde i leith mí-iompair ina measc siúd mar stiúrthóirí Bovale gur cheart go mbeadh an Chúirt sásaithe anois (chun críocha ailt 160(2)(a), (b) agus (d) d'Acht na gCuideachtaí, 1990) go raibh siad ciontach i gcalaois, fad a bhí siad ina stiúrthóirí, maidir le Bovale agus na Coimisinéirí Ioncaim; go raibh siad ciontach i sárú ar a ndualgas mar oifigigh de chuid Bovale agus gurbh ionann a n-iompar mar oifigigh agus é sin a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena mbreithniú chun bheith i measc lucht bainistíochta cuideachta. Ar a shon sin, lorg na Freagróirí le brath ar líon tosca maolaithe chun críche a chur faoi bhráid na Cúirte, in ainneoin thromchúise an iompair a aithníonn siad anois agus ar ghabh siad leithscéal ina leith, níor cheart don Chúirt orduithe dícháilithe a dhéanamh ach ar feadh tréimhse sách gearr.

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar na tosca maolaithe ar ar bhraith na Freagróirí, mheas an Ard-Chúirt, murach na cúinsí maolaithe, gurbh í tréimhse 14 bliana an tréimhse chuí ar cheart na Freagróirí a dhícháiliú. Bhí sé ina chonclúid ag an gCúirt, áfach, agus na tosca maolaithe siúd á dtabhairt san áireamh, gurbh í an tréimhse iarbhír ar cheart na Freagróirí a dhícháiliú ná 7 mbliana.

Leag an Chúirt bac ar theacht i bhfeidhm an Ordaithe dícháilithe seo faoi chúinsí inar thug na Freagróirí le fios go raibh sé beartaithe acu iarratas a thabhairt os comhair na Cúirte de bhun alt 160(8) d'Acht na gCuideachtaí 1990 chun méid áirithe faoisimh a fháil ón Ordú beartaithe dícháilithe. Amhail an 31 Nollaig 2013, níor deimhníodh an t-iarratas ar fhaoiseamh agus d'fhan an bac ar theacht i bhfeidhm an ordaithe dícháilithe i bhfeidhm.

Tá lua neodrach [2013] IEHC 561 i gcinneadh scríofa na hArd-Chúirte. Tá fáil ar chóip de bhreithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Finlay Geoghegan ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie agus ar láithreán gréasáin an OSFC.

Aventine Resources plc/John Francis Liwosz agus Anthony William Brown
I 2013, chuir an Oifig tús le himeachtaí dícháilithe san Ard-Chúirt i leith an Uasail John Francis Liwosz agus an Uasail Anthony William Brown, stiúrthóirí Aventine Resources plc le haghaidh Orduithe de bhun ailt 160(2)(b) (sárú dualgais) agus (f) (mainneachtain sheasta) d'Acht na gCuideachtaí, 1990. I gcaitheamh 2013, cuireadh na pléadálacha chun cinn agus cuireadh chun deiridh iad, ar deireadh thiar, ag deireadh 2013, d'fhonn iarratas a dhéanamh ar dháta éisteachta i 2014.

Banc Náisiúnta na hÉireann Teoranta ("BNÉ")/ Seirbhísí Airgeadais Bhanc Náisiúnta na hÉireann Teoranta ("SABNÉ")
Mar a leagadh amach i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, tá páirt glactha ag an Oifig i sraith cásanna sibhialta idirghaolmhara. Tagann gach ceann de na cásanna sin ó Thuarascáil na gCigirí (Arna gceapadh faoi Alt 8 d'Acht na gCuideachtaí 1990) chun Imscrúdú a dhéanamh ar Ghnóthaí BNÉ agus SABNÉ[53].

[52] Tugadh Bovale Developments Limited ar an gcomhlacht roimhe seo (sular athchláraíodh í mar chuideachta neamhtheoranta)

[53] Bhí na Cigirí ceaptha ag an Ard-Chúirt i mí an Mhárta 1998 agus rinne siad a n-imscrúduithe thar thréimhse a mhair beagán níos mó ná 6 bhliain. Foilsíodh a dTuarascáil trí Ordú na hArd-Chúirte a rinneadh i mí Iúil 2004.

I mí Iúil 2005, thionscain an Oifig imeachtaí dícháilithe in aghaidh naonúir a raibh ina stiúrthóirí agus/nó ina n-oifigigh de chuid BNÉ agus/nó SABNÉ roimhe seo. Ag tús na bliana 2013, bhí ceithre cheann de na cásanna go hiomlán tugtha chun críche ag leibhéal na hArd-Chúirte. Bhíothas ar feitheamh dátaí éisteachta na Cúirte Uachtaraí maidir le ceithre achomharc[54] ó chinntí den Ard-Chúirt a rinneadh níos luaithe.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, liostaíodh ceann amháin de na hachomhairc le haghaidh éisteachta os comhair na Cúirte Uachtaraí. B'achomharc na hOifige é seo ar chinneadh a rinne an Ard-Chúirt nár cheart aon Ordú dícháilithe a dhéanamh i leith an Fhreagróra. Trí chomhaontú idir na páirtithe, aistarraingíodh achomharc na hOifige agus iarradh ar an gCúirt an tOrdú a dhíchur le haghaidh costas (amhail i leith na hOifige) a rinne an Ard-Chúirt i bhfabhar an Fhreagróra. Ina theannta, réitíodh an cás a bhí ar feitheamh ar leibhéal na hArd-Chúirte ar an mbonn gur aistarraingíodh imeachtaí Ard-Chúirte na hOifige agus nárbh ann d'aon Ordú i leith costas do cheachtar páirtí. Amhail deireadh na bliana, bhíothas ar feitheamh dhátaí éisteachta na dtrí achomharc eile den Chúirt Uachtarach.

Forfheidhmiú coiriúil

Ionchúisimh achoimre

I gcomhréir le forálacha an AFDC, is féidir leis an Stiúrthóir ionchúisimh achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche. Le linn na bliana, rinne an Oifig imeachtaí achoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh ar chúig ócáid (2012: 4), ar eascair na nithe seo a leanas astu:

- 17 chiontú (2012:16), agus an tAcht Promhadh Ciontóirí 1907 á chur i bhfheidhm maidir le 6 chúiseamh breise sa dhá chás a luaitear;
- fíneálacha comhiomlána €10,000 (2012: €8,208) a ghearradh;
- forchuireadh 2 dhícháiliú uathoibríoch (de bhua ciontaithe mar gheall ar a bheith ag gníomhú de shárú ar Ordú srianta) (2012: 1); agus
- bronnadh costais de €6,250 ar an Oifig (2012: €6,000).

Déantar achoimre sa Tábla thíos ar shonraí na n-ionchúiseamh sin.

[54] Rinne an Oifig ceann de na hachomhairc siúd i leith chinneadh na hArd-Chúirte a dhiúltaigh áitiú na Cúirte gur cheart na freagróirí ábhartha a dhícháiliú. Ghlac freagróirí trí cinn de na hachomhairc i leith chinntí na hArd-Chúirte, a dhearbhaigh áitiú na hOifige gur cheart na freagróirí a dhícháiliú.

Tábla 18
Ionchúisimh achoimre a tugadh - 2013

Cás	Dáta & ionad coinne éisteacht Cúirte Dúiche	Cúisimh	Toradh Cúirte Dúiche
OSFC i gcoinne An tUasal Adrian Kelly ag trádáil mar Kelly & Co	28 Eanáir 2013 Cúirt Dúiche Baile Átha Cliath	4 chion contrártha d'alt 187 (1)[55] d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus 6 cion contrártha d'alt 242(1) [56] den Acht céanna	Taifeadadh 10 gciontú. Gearradh fíneálacha comhiomlána €2,500 i leith ceithre chion faoi alt 187(1) agus sé chion faoi alt 242(1). Costais ionchúisimh de €1,250 le híoc ag an gcosantóir.
OSFC i gcoinne An tUasal Declan Walker ag trádáil mar Declan Walker & Co	13 Feabhra 2013 Cúirt Dúiche An tInbhear Mór, Contae Cill Mhantáin	5 chion contrártha d'alt 187(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990	Taifeadadh 5 chiontú. Gearradh fíneálacha comhiomlána de €6,000 i leith cúig chion faoi alt 187(1). Costais ionchúisimh de €1,250 le híoc ag an gcosantóir.
OSFC i gcoinne Ballyrye Ltd & An tUasal Frank Kilbride, stiúrthóir Ballyrye Ltd	19 Iúil 2013 Cúirt Dúiche An Longfort	3 chion den cuideachta agus cion amháin den stiúrthóir, contrártha d'alt 202[57] d'Acht na gCuideachtaí 1990	Ar pléideáil ciontach, cuireadh i bhfeidhm alt 1(1) den Acht Promhadh Ciontóirí 1907 i ndáil le gach cheann den ceithre chion. Costais ionchúisimh comhiomlána de €1,250 le híoc ag an gcosantóir.
OSFC i gcoinne An tUasal Declan Moloney & An tUasal Séamus Moloney	14 Samhain 2013 Cúirt Dúiche An Caisleán Nua, Contae Luimneach	Cion amháin an duine, contrártha d'alt 161(1)[58] d'Acht na gCuideachtaí 1990	Taifeadadh chion amháin in aghaidh gach duine i leith. Gearradh fíneálacha de €750 i leith gach duine. Costais ionchúisimh comhiomlána de €1,250 le híoc ag an gcosantóir. Freisin, gearradh dícháilithe dhá bhlian (ag dul ó dháta an chiontaithe) faoi alt 161(2) d'Acht na gCuideachtaí 1990.
OSFC i gcoinne An tUasal Gerard Murphy	17 Nollaig 2013 Cúirt Dúiche Uirbeach Baile Átha Cliath	2 chion contrártha d'alt 56(1) agus (3)[59] d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na gCuideachtaí 2001	Ar pléideáil ciontach, cuireadh i bhfeidhm alt 1(1) den Acht Promhadh Ciontóirí 1907 i ndáil leis an dhá chion, agus €500 le híoc do Bosca na mBocht na Cúirte i ndáil le gach cion i leith. Costais ionchúisimh comhiomlána de €1,250 le híoc ag an gcosantóir.

55 Ag gníomh mar iniúchóir gan bheith cáilithe é a dhéanamh
56 Eolas bréagach a thabhairt
57 Teip ar leabhair chuí chuntais a choimeád
58 Gníomhú mar stiúrthóir fad a bheith faoi réir Ordú Sriain na hArd-Chúirte
59 Mar leachtaitheoir, teip ar thuarascálacha reachtúla a sholáthar don OSFC

Cásanna a tarchuireadh chuig an SIP lena bhreithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart iad a ionchúiseamh ar díotáil

Dé bhrí gur féidir leis an Stiúrthóir ionchúisimh achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche, is faoin SIP amháin cinneadh a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh (is é sin os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda).

Iar-Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach ("Angla")

Sonraíodh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo cineál ginearálta na saincheisteanna a bhí á n-imscrúdú ag an Oifig agus a mhéid a cuireadh comhaid faoi bhráid Oifig an SIP mar thoradh ar na himscrúduithe siúd.

Ag tús 2013, b'ionann an staid agus gur threoraigh an SIP gur cheart triúr daoine, i.e., an tUasal Seán Fitzpatrick, an tUasal William McAteer agus an tUasal Patrick Whelan – iarstiúrthóirí Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach iad uile – a thriail ar díotáil, gach duine díobh i ndáil le sé sárú déag líomhnaithe ar fhorálacha alt 60 d'Acht 1963. Threoraigh an SIP, anuas air sin, gur cheart duine amháin de na daoine sin, i.e., an tUasal Seán Fitzpatrick, a thriail ar díotáil i ndáil le dhá shárú dhéag líomhnaithe ar fhorálacha alt 197 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, liostaíodh go dtosódh triail na sáruithe líomhnaithe ar alt 60 an 13 Eanáir, 2014 agus socraíodh triail na líomhaintí faoi alt 197 go sealadach le haghaidh éisteachta an 7 Deireadh Fómhair, 2014. Le linn Nollaig 2013, cuireadh an dáta tosaigh le haghaidh na trialach faoi alt 60 siar chuig an 31 Eanáir, 2014 agus, ag tráth an scríofa, tá an triail sin ar bun i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath os comhair an Bhreithimh Onóraigh Martin Nolan agus giúiré. Cuireadh seacht sárú bhreise líomhnaithe ar fhorálacha alt 234(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1990 i leith an Uasail Patrick Whelan leis an díotáil sular cuireadh tús leis an triail seo. Tá na cúisimh bhreise siúd bunaithe ar fhianaise a bailíodh i gcúrsa imscrúduithe na hOifige agus cuireadh iad faoi bhráid Oifig an SIP lena mbreithniú dá éis sin.

I gcaitheamh 2013, lean an Oifig le hacmhainní suntasacha a chaitheamh ar chabhrú le hOifig an SIP i ndíscaoileadh dhualgais na hOifige sin lena nochtadh don chosaint gach fianaise ábhartha a bhí acu. Baineann an nochtadh dualgais sin[60] ní hamháin leis an ábhar a mheas Oifig an SIP gur cheart a áireamh sna Leabhair Fianaise (ar an mbonn gur fianaise í a mbeartaíonn an t-ionchúiseamh brath uirthi ag an triail), ach le

"...haon ábhar [eile] a d'fhéadfadh baint le hábhar an cháis a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcosaint nó difear a dhéanamh don ionchúiseamh"[61].

Anuas air sin, lean an Oifig le breis fianaise a bhailiú de réir mar a thángthas uirthi, nó mar fhreagairt ar threoracha ó Oifig an SIP chun breis imscrúdú a dhéanamh ar bhearta a mheas siad ba ghá nó b'inmhianta.

[60] Atá fréamhaithe sna cearta bunreachtúla chun trialach in am trátha an dlí (ar fáil in Airteagal 38.1 de Bhunreacht na hÉireann) agus chun nósanna imeachta cothroma (ar fáil in Airteagal 40.3).

[61] McKevitt v DPP, neamhthuairiscithe, an Chúirt Uachtarach, an 18 Márta, 2003

Amhail a cuireadh i dtaifead i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, chuir an Oifig comhaid faoi bhráid an SIP i ndáil le trí shaincheist eile a d'eascair ó na himscrúduithe a rinne siad ar Angla. Go dtí seo, níor threoraigh an SIP aon chúisimh i ndáil leis na ceisteanna sin. Is tábhachtach a thabhairt chun solais, áfach, nuair a úsáidtear an nath *"go dtí seo, níor chuir an SIP tús le haon chúisimh"*, nach mbeartaítear a thabhairt le fios gur cinnte, nó gur dócha, go dtreorófar breis cúiseamh ag dáta éigin amach anseo. Tá an SIP neamhspleách i bhfeidhmiú a feidhmeanna. Dá réir sin, is di féin amháin a dheimhniú cibé acu, agus a mhéid, a theastaíonn nó nach dteastaíonn ionchúiseamh ó aon chomhaid imscrúdaithe a chuirtear faoi bhráid a hOifige; agus, má theastaíonn, cén cúisimh ar leith ar cheart a ionchúiseamh. Bunaítear na cinntí siúd ar líon breithniúchán, faisnéis bhreise a bhaineann leis sin ar féidir teacht air i gCaibidil 4 agus 6 de na *Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí* a d'fhoilsigh Oifig an SIP[62].

Cásanna coiriúla eile a atreoraíodh chuig an SIP

Ag tús na bliana, lean an SIP le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhá chás ar cuireadh comhaid ar aghaidh ina leith i rith 2012. I gceann amháin de na cásanna sin, cuireadh trí chomhad fhorlíontacha faoi bhráid Oifig an SIP go luath in 2013. Ar threorú an SIP, gabhadh an Cosantóir sa chás seo agus cuireadh 50 cion líomhnaithe ina leith de bhun alt 187 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus alt 242 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, faoi seach. Tá an cás seo ar feitheamh os comhair na gCúirteanna faoi láthair.

[62] Ar fáil ag http://www.dppireland.ie/publications/category/14/guidelines-for-prosecutors/

SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA

04.

CAIBIDIL 4
SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí forbartha agus foilsithe ag an Oifig, agus tá sí ar fáil ar a láithreán gréasáin[63]. Tugtar sonraí sa chairt ar roinnt rudaí éagsúla. Ina measc siúd, tá:

- caighdeáin seirbhíse na hOifige;
- na caighdeáin a bhféadfadh custaiméirí a bheith ag súil leo ón Oifig;
- príomhphointí teagmhála.

Cineál na bpríomhtheagmhálacha le páirtithe leasmhara seachtracha

Tá na nithe seo a leanas i gceist le príomhtheagmháil na hOifige[64] le páirtithe leasmhara seachtracha:

i. treoir agus ábhar gaolmhar a sholáthar;
ii. gníomhaíochtaí for-rochtana;
iii. déileáil le fiosruithe agus le gearáin ó dhaoine den phobal;
iv. caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt; agus
v. láithreán gréasáin/na meáin shóisialta.

Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le (i), le (ii) agus le (iv) thuas, a thagann, den chuid is mó, faoi shainchúram Ceannasaí um Fhorfheidhmiú. Cé is moite de ghearáin, a bpléitear leo i gCaibidil 3, tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le (iii) agus le (v) thuas, a thagann faoi shainchúram Ceannasaí um Fhorfheidhmiú freisin.

Fiosruithe poiblí

Soláthraíonn an Oifig, a mhéid is indéanta, faisnéis do pháirtithe leasmhara ar cheisteanna ginearálta a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Níl an Oifig in ann, áfach, comhairle dlí a chur ar fáil don lucht déanta fiosruithe agus, i gcásanna ina meastar, mar gheall ar chineál an fhiosraithe, go bhfuil comhairle dlí a lorg, moltar don lucht déanta fiosruithe comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg.

D'fhonn tuilleadh cabhrach a thabhairt don lucht déanta fiosruithe, chuir an Oifig sraith Ceisteanna Coitianta (CCanna), agus freagraí ar na ceisteanna sin, le chéile, agus tá na nithe seo ar fáil ar an láithreán gréasáin[65]. Déantar athbhreithniú ar an rannán CCanna agus cuirtear nithe leis ar bhonn rialta, ag féachaint do chineál na bhfiosruithe atá á bhfáil. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an láithreán gréasáin, is féidir fiosruithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist faisnéise na hOifige (info@odce.ie), agus is féidir fiosruithe a dhéanamh ar an teileafón freisin.

Cé go ndéileálann an Oifig le formhór na bhfiosruithe trí thagairt do na seirbhísí atá leagtha amach thuas, bíonn freagraí níos mionsonraithe agus níos meáite ag teastáil ó fhiosruithe áirithe. Le linn na bliana, dhéileáil an Oifig le 210 fiosrú san iomlán ar an mbealach sin. Cé gur bhain na fiosruithe a fuarthas le raon leathan saincheisteanna, áiríodh na nithe seo a leanas leis na topaicí is coitianta:

[63] www.osfc.ie
[64] is é sin seachas páirtithe a bhfuiltear i dteagmháil leo i gcás shainchúram forfheidhmithe na hOifige
[65] www.osfc.ie

- teip na gcuideachtaí chun CBGanna a thionól;
- dualgais tuairiscithe an iniúchóra maidir le hiasachtaí na stiúrthóirí;
- Clár Comhaltaí na gcuideachtaí; agus
- cuideachtaí bainistíochta de chuid úinéirí réadmhaoine cónaithe.

Láithreán gréasáin

I rith na bliana faoi athbhreithniú, rinneadh córas bainistíochta ábhair láithreán gréasáin na hOifige (www.osfc.ie) a athrú, agus laghdaigh sin an leibhéal caiteachais a theastaigh chun an láithreán a chothabháil. D'fhonn an inrochtaineacht a mhéadú, athfhorbraíodh an láithreán, chomh maith, d'fhonn rochtain ó ghléasanna soghluaiste a éascú, ar nós fón chliste. Ó lár mhí Mheán Fómhair a fhad le deireadh na bliana, rinneadh 647 ceangal le leathanach baile an láithreáin ó ghléasanna soghluaiste.

Liostaítear i dTábla 19 thíos na 20 leathanach is minice ar amharc cuairteoirí ar an láithreán gréasáin orthu i rith na bliana (gan leathanach baile an láithreáin). Amhail roimhe seo, bhí an mhír Cheisteanna Coitianta i measc na leathanach ba mhó a amharcadh orthu. Nuair a chuirtear gach leathanach Ceisteanna Coitianta i dteannta a chéile, mheall siad thart ar 20,000 amharc le linn na bliana. Úsáideadh an áis chuardaigh breis agus 4,000 uair. Bhí níos lú ná 0.5% de thrácht an láithreáin ghréasáin chuig leathanaigh Ghaeilge an láithreáin, ar féidir iad a rochtain ag www.osfc.ie, figiúr a bhí go mór faoi bhun fhigiúr 2012.

I measc na n-ábhar nua a cuireadh in airde ar an láithreán gréasáin sin le linn na bliana, bhí:

- treoir/ábhar faisnéise nua/nuashonraithe de chuid na hOifige, faoi mar a dtugtar breac-chuntas air ag Caibidil 2 den Tuarascáil seo;
- Ionstraimí Reachtúla nua a bhain le dlí na gcuideachtaí;
- cóipeanna de chur i láthair áirithe a rinne baill foirne na hOifige;
- preasráitis, ailt, fógraí, srl.; agus
- torthaí na gcásanna forfheidhmithe shibhialta agus choiriúil a thóg an Oifig.

Ag deireadh na bliana, bhí 932 duine tar éis clárú le fógraí faoin láithreán gréasáin a fháil ar ríomhphost.

Tábla 19
Na 20 leathanach gréasáin a dtugadh an méid is mó cuairteanna orthu – www.osfc.ie

Leathanach	Amhairc
Leathanach Publications (Béarla)	51,372
Companies, Directors' & Secretaries' Responsibilities (Béarla)	16,040
Leathanach Prosecution Cases (Béarla)	11,625
Leathanach Companies, Directors & Secretaries (Béarla)	8,400
Disqualification Cases (Béarla)	8,269
Leathanach Press Releases (Béarla)	6,145
Company Law and You (Béarla)	5,141
FAQ/Directorship of a Company (Béarla)	4,990
Our Role (Béarla)	4,596
Leathanach Winding Up & Insolvencies Cases (Béarla)	4,586
Contact Us (Béarla)	4,464
Leathanach Investigations (Béarla)	3,908
Leathanach Media & Presentations (Béarla)	3,526
Functions (Béarla)	3,261
FAQ/Membership of a Company (Béarla)	3,248
FAQ/Winding Up & Liquidations (Béarla)	3,023
Prosecution Cases 2013 (Béarla)	2,981
Liquidators, Receivers, Examiners & Legal Responsibilities (Béarla)	2,714
Leathanach FAQ (Béarla)	2,673
Leathanach Consultation Papers (Béarla)	2,352

Na meáin shóisialta

Lean an Oifig ar aghaidh le leas a bhaint as na meáin shóisialta chun a teachtaireacht a chur in iúl. Oibríonn an Oifig ar cheithre ardán: Facebook, Twitter, LinkedIn agus Google+. Úsáidtear iad chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí tathanta agus forfheidhmithe na hOifige faoi seach agus chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn, agus chun eolas a thabhairt do leantóirí faoi fhorbairtí ar réimsí níos leithne dhlí na gcuideachtaí. Faoi dheireadh na bliana, bhí 755 leantóir meallta ag an Oifig ar fud na bhfóram éagsúil sin.

Taighde ar éifeachtacht na hOifige

I mblianta roimhe seo, bhain an Oifig leas ar bhonn tréimhsiúil as seirbhísí na gcomhairleachtaí taighde margaidh chun cabhrú léi measúnú a dhéanamh ar a héifeachtacht i gcomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn agus a éascú agus in iompar neamhchomhlíontach a dhíspreagadh faoi seach. Mar gheall ar an gcosc ginearálta ar chaiteachas comhairleachta, níor coimisiúnaíodh aon taighde den sórt sin le linn na bliana faoi athbhreithniú. Cé go bhféachann an Oifig lena héifeachtacht a mheas ar bhealaí éagsúla, déanann an neamhábaltacht chun taighde den sórt sin a choimisiúnú ar bhonn tréimhsiúil difear don chumas atá ag an Oifig measúnú a dhéanamh ar a héifeachtacht, ag féachaint do shonraí a bailíodh go neamhspleách.

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha

Oiliúint agus forbairt foirne

Tá Bainistíocht Feidhmíochta i gceist ar fud gach Roinne agus Oifige Rialtais agus cuireann an Oifig chun feidhme í gach bliain. Féachann sí lena chinntiú go bhfuil róil na mball foirne aonair soiléir agus go bhfuil siad ar aon dul le cuspóirí corparáideacha foriomlána, agus athbhreithniú agus bainistíocht feidhmíochta á n-éascú aici ag an am céanna. Ina theannta sin, nascann sí cláir oiliúna agus caiteachas na hOifige go díreach le ról gach baill foirne. A mhéid is indéanta, tacaíonn an Oifig baill foirne ina riachtanais oiliúnt agus forbairt.

Cuireadh 153 lá oiliúna, ar an iomlán ar 42 comhalta foirne den Oifig in 2013 (2012: 134), lena n-áirítear:

- Oiliúint TF – 15 lá, a bhain le 12 chomhalta foirne;
- oiliúint a chuir acmhainní intí ar fáil – 109 lá, a bhain le 29 comhalta foirne; agus
- oiliúint a chuir an Roinn ar fáil – 37 lá, a bhain le 32 comhalta foirne.

Le linn 2013, chabhraigh an Oifig le baill foirne tabhairt faoin oiliúint agus faoin bhforbairt seo a leanas:

- Dioplóma Óstaí an Rí i gCoireacht an Bhóna Bháin;
- riachtanais FGL[66] de chuid baill foirne cuntasaíochta; agus
- riachtanais FGL de chuid baill foirne ar aturnaetha iad.

Caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, d'fhan an Oifig tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil dá baill foirne féin agus do gach duine den phobal ar dhéileáil sí leo. Cuid lárnach den tiomantas sin is ea aiseolas agus seirbhísí gearán foirmiúil, mar a dhéantar soláthar dóibh ar láithreán gréasáin na hOifige

[66] Forbarit Ghairmiúil Leanúnach

Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht

Ceisteanna Parlaiminte ("CP")

Iarrtar ar an Oifig go rialta faisnéis/ábhar a chur ar fáil don Roinn chun cabhrú léi freagraí de chuid Airí a ullmhú ar CPanna ó Theachtaí. Ina theannta sin, bíonn an Oifig féin ina hábhar do CPanna ó Theachtaí ó am go ham. Le linn na bliana, chuir an Oifig ábhar ar fáil mar fhreagra ar 21 CPanna.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Déantar foráil san Acht um Íoc Pras Cuntas d'íocaíocht úis le soláthraithe nár íocadh a sonraisc faoi dháta forordaithe (de ghnáth 30 lá i ndiaidh an sonrasc a fháil). Sa timpeallacht gheilleagrach reatha ina mbaineann ríthábhacht le sreabhadh airgid don ghnó, tá sé mar chuid de bheartas an Rialtais soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá tar éis sonrasc a fháil.

Mar is léir ón bhfíric go ndearnadh gach íocaíocht, seachas dhá íochaíocht, in am, cloíodh le beartas na hOifige chun gach sonrasc a réiteach laistigh de na hamfhrámaí forordaithe le linn na bliana faoi athbhreithniú. B'ionann an t-ús a bhí iníoctha mar thoradh ar na híocaíochtaí déanacha seo agus €41.83, agus b'ionann na pionóis chúitimh agus €110.00.

Plean gníomhaíochta bainistíochta riosca

I rith na bliana, rinne an Oifig athbhreithniú agus uasghrádú ar a plean bainistíochta riosca i gcomhairle leis an Roinn.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Tá gach taifead na hOifige (seachas taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige) díolmhaithe ó na hAchtanna SF. Le linn 2013, ní bhfuarthas aon iarratais bhailí ar fhaisnéis. É sin ráite, fuarthas 5 fhiosrú maidir le taifid na hOifige. Dhéileáil Oifigeach um Shaoráil Faisnéise na hOifige leo seo lasmuigh de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

I rith na bliana, choimeád an Oifig a clárúchán mar rialtóir sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanann na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2003, agus na hIonstraimí Reachtúla lena mbaineann, cosaint i leith úsáid mhícheart nó nochtadh mícheart aon fhaisnéise atá á coimeád faoi dhuine. Tá na hoibleagáidí seo comhsheasmhach le diancheanglais féin na hOifige um rúndacht, mar a leagtar síos in Alt 17 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachta 2001.

Úsáid fuinnimh

Comhroinneann an Oifig a n-áitreabh le roinnt áitritheoirí eile, agus is ionann an chomhréir spáis a leithdháiltear don Oifig agus beagán faoi bhun 50% den spás iomlán. Ar mhaithe le soilsiú agus trealamh oifige is ea thart ar 60% den leictreachas go léir a úsáidtear, agus úsáidtear an fuílleach ar mhaithe le téamh agus aerchóiriú. Úsáidtear gás, go príomha, chun uisce a théamh a úsáidtear i gcóras téimh an fhoirgnimh.

B'ionann an úsáid gháis (a úsáidtear go príomha do théamh aeir agus uisce) don bhliain agus 666,000 cileavatuair (kwh) (2012: 690,000 kwh), as a raibh an Oifig freagrach as thart ar 304,000 kwh. B'ionann an úsáid leictreachais agus 662,000 kwh (2012: 799,000 kwh), agus bhí an Oifig freagrach as thart ar 302,000 kwh. Léiríonn na figiúirí seo laghdú bliain ar bhliain 11% ar an úsáid fhoriomlán fuinnimh.

I rith na bliana, lean an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh. Trí bheith rannpháirteach i "bhFoireann Ghlas" ina bhfuil ionadaithe d'áitritheoirí na fhoirgnimh, leanann an Oifig le tabhairt faoi thionscnaimh a cheapadh chun an úsáid fuinnimh a laghdú níos mó. Thit dhá sheisiún faisnéise don fhoireann amach le linn na bliana ar conas úsáid fuinnimh a laghdú sa bhaile agus san oifig. Shocraigh an Fhoireann Ghlas na huaireanta a laghdú a úsáidtear an córas téimh, agus d'eascair coigiltí suntasacha as seo ar úsáid fuinnimh. Leagtar amach na cairteacha úsáide le haghaidh 2012 agus 2013 faoi seach thíos.





Is í an sprioc le haghaidh laghdú breise ar úsáid fuinnimh in 2014 ná 5%. Meastar go mbainfear seo amach tríd an méid a leanas:

- feabhas a chur ar insliú ghléasra an tseomra coire;
- braiteoirí soilsithe a shuiteáil le haghaidh staighrí;
- Feachtas um Fheasacht ar Fhuinneamh a chur ar bun ar fud an fhoirgnimh, lena n-áirítear ceardlann le haghaidh na foirne; agus
- athruithe breise um choigilt fuinnimh a thabhairt isteach sa sceideal le haghaidh téimh san fhoirgneamh.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Rinne an Oifig dréachtú ar dhara Scéim faoin Acht i 2011 agus tá sí ag feitheamh ar chomhaontú an Choimisinéara Teanga i leith na Scéime sin. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne Oifig an Choimisinéara Teanga teagmháil le hOifigeach na dTeangacha Oifigiúla de chuid na hOifige chun cóip den dréacht-Scéim a iarraidh. Idir an dá linn, tá an Scéim dheiridh i bhfeidhm go fóill, mar aon le ceanglais reachtúla an Achta. Dá bhrí sin, lean an Oifig ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sí an tAcht agus a Scéim féin.

AGUISÍNÍ

Aguisín 1
Caiteachais arna chionroinnt i gcoinne chaiteachas iarbhír: 2011 – 2013

	2011		2012		2013	
	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s
Cionroinnt						
Deontas ón Státchiste	5,967		5,697		5,330	
Costais Dlí Eiseachtúil	491	6,458	300	5,997	50	5,380
Caiteachas						
Tuarastail	2,629		2,463.0		2,394.4	
Fógraíocht & Poiblíocht	34		28.8		31.8	
Áitreabh Oifige	270.7		327.7		299.0	
Costais Dlí	191.6		287.2		124.5	
Seirbhísí Sainchomhairle	69.6		100.0		120.6	
Ríomhraireacht	37.9		44.5		28.0	
Priontáil	53.6		44.4		29.00	
Fochostais	5.4		8.8		6.3	
Taisteal & Cothabháil	19.5		17.3		17.0	
Teileachumarsáid	41.4		54.6		36.8	
Seirbhísí Postais / Teachtaire	22.6		17.1		12.4	
Trealamh Oifige & Fótócóipeáil	17.9		31.1		9.5	
Forbairt Achmainne Daonna	3.7	3,396.9	12.0	3,436.5	14.2	3,123.5
Suim a géilleadh		3,061.1		2,560.5		2,256.5

Aguisín 2
Láithreoireachtaí a d'fhuascail – 2013

Tionscnóir	Cineál Ócáid	Ábhar	Ionad Coinne	Cainteoir
Fóram Rialachas Corparáideach an Foras Riaracháin	Cur i láthair	Obair OSFC	Oifigí Foras Riaracháin, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
MSc i mBainistíocht agus Rialachas Corpáideach	Cur i láthair	An OSFC – ag leagann síos an caighdeán	Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
OÉ Ghaillimhe	Cur i láthair	Forfheidhmiú mar uirlis comhlíonta – obair OSFC	OÉ, Gaillimh	Kevin Prendergast
Comhairle Contae Longfoirt	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Halla an Chontae, Longfort	Kevin Prendergast
Comhairle Contae Lú	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Halla an Chontae, Dún Dealgan	Kevin Prendergast
Comhairle Contae Tiobrad Árainn Theas	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Halla an Chontae, Dún Dealgan	Kevin Prendergast
Comhairle Contae an Chabháin	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Seomra na Comhairle, Teach na Cúirte, an Cabbhán	Kevin Prendergast
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceannainn	Cur i láthair	OSFC – ag spreagadh comhlíonadh, ag forfeidhmiú an dlí	IT Leitir Ceannainn	Kevin Prendergast
Comhairle Contae Chiarraí (x 2)	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Seomra na Comhairle, Trá Lí	Kevin Prendergast
Comhairle Contae Chorcaigh (x 2)	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Halla an Chontae, Corcaigh	Kevin Prendergast
Comhairle Contae na Gaillimhe	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Seomra na Comhairle, Gaillimh	Kevin Prendergast
Coláiste Tráchtála Ráth Maonais	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Coláiste Ráth Maonais	Kevin Prendergast
Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta	Comhdháil	Comhtháthú riosca san fheidhmíocht – ag tuairisciú chuig Bord na Stiúrthóirí	Cúirt Uíbh Eachach, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath	Ian Drennan

Tionscnóir	Cineál Ócáid	Ábhar	Ionad Coinne	Cainteoir
PwC	Cur i láthair	Cur chun dáta ar gníomhaíochtaí OSFC	PWC, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
Mórthaispeántas Gnó Náisiúta	Cur i láthair	An deich bpeacaí rialachais chorparáidigh is coiteanta agus conas iad sheachaint	CRBÁC, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Cuntasóirí Cairte Éireann	Comhdháil	Cur chun dáta OSFC	CA House, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
Comhlachas na Shionainne	Cruinniú Céadphroinne	OSFC agus dlí na gcuideachtaí – Bille na gCuideachtaí nua	Óstán Caisleáin Bhun Raite, Co. Clár	Kevin Prendergast
Scoil Bainistíochta Bialainne & Cistine	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Óstán Mainistreach Laoise, Port Laoise	Kevin Prendergast
IBEC/Siemens	Cur i láthair	Cultúr comhlíonta a chur chun cinn	Oifig IBEC, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
Nova COBÁC	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	COBÁC, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Líonra Finuas Dhlí-Chumann	Cur i láthair	Ról an OSFC	Dlí-Chumann na hÉireann, Plás Blackhall, Baile Átha Cliath	Aoife Raftery
OCBÁC	Cur i láthair	An OSFC – ag leagann síos an caighdeán	OCBÁC, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Scoil Quinn COBÁC	Cur i láthair	An OSFC – ag leagann síos an caighdeán	COBÁC, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
An Foras Riaracháin	Cur i láthair	Ionchur OSFC i dtreo rialachas maith & bainistíocht riosca éifeachtach	Oifig Forais Riaracháin, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
Comhdháil Bhille na gCuideachtaí	Comhdháil	Fachtóirí ar dóigh go mbeadh tionchar acu ar straitéis forfheidhmithe sa todhchaí	Óstán Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
CMG Events	Cur i láthair	Forálacha nua fhorfheidhmiú faoi Dlí na gCuideachtaí	Óstán Royal Marine, Dún Laoghaire	Kevin Prendergast

Tionscnóir	Cineál Ócáid	Ábhar	Ionad Coinne	Cainteoir
Comhlachas na hInse	Cur i láthair	Rialachas corparaideach & freagrachtaí stiúrthóirí	Oifig Chomhlachais na hInse, Co Clár	Kevin Prendergast
Irish Times Training	Cur i láthair	OSFC – ag spreagadh comhlíonadh, ag forfeidhmiú an dlí	Irish Times House, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
An Foras Riaracháin	Cur i láthair	Róil & freagrachtaí stiúrthóra gcuideachta	Oifig Forais Riaracháin, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Grant Thornton	Cur i láthair	Cur chun dáta OSFC	Cé na Cathrach, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Coláiste Náisiúnta na hÉireann	Cur i láthair	Ról an OSFC	LSAI, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
CPA/SFA Laighean	Cur i láthair	Cur chun dáta OSFC	Uimh. 10 Cé Úrumhan, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
Comhlachas Barra Aturnaetha an Láir Tíre	Cur i láthair	Cur chun dáta ar dlí na gcuideachtaí	Óstán Park Muilleann gCearr	Kevin Prendergast
IT Dún Dealgan	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	OCBÁC, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Institiúid Teicneolaíochta Corcaigh	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Lárionad Rubicon, Corcaigh	Kevin Prendergast
Fiontraíocht Éireann	Cur i láthair	Ceardlann Fiontraíocht Éireann	Páirk Gnó an Pointe Thoir, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Walkers Ireland	Cur i láthair	Cur chun dáta gníomhaíochtaí OSFC	Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
Mórthaispeántas Saincheadú & Tosú Éireann 2013	Cur i láthair	An deich bpeacaí rialachais chorparáidigh is coiteanta	CRBÁC, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
OCBÁC	Cur i láthair	Ról an OSFC	OCBÁC	Kevin Prendergast
Dlí-Chumann na hÉireann (x 2)	Cur i láthair	Ról & feidhmeanna an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	Dlí-Chumann na hÉireann, Baile Átha Cliath	Adrian Brennan
Seimineár Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta	Cur i láthair	Ag cabhrú le do ghnó	Caisleán Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast

Tionscnóir	Cineál Ócáid	Ábhar	Ionad Coinne	Cainteoir
Fiontraíocht Éireann	Cur i láthair	Focas ar maoiniú	Páirk Gnó an Pointe Thoir, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
IT Ceatharlach	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	IT Ceatharlach	Kevin Prendergast
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	ITGM, Caisleán an Bharraigh	Kevin Prendergast
AMROP & Grant Thornton	Cur i láthair	Cur chun data ar gníomhaíocht OSFC	Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath	Ian Drennan
Scoil Quinn COBAC (x 2)	Cur i láthair	An OSFC – ag leagann síos an caighdeán	Coláiste Ollscoil, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Líonra Úinéirií Arasáin	Cur i láthair	CGBanna a thionól agus a reáchtáil	Oifig Comhairle Átha Cliath, Cé an Adhmad, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
Mazars	Cur i láthair	Bille na gCuideachtaí nua	Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
OÉ Maigh Nuad	Cur i láthair	An OSFC – ag leagann síos an caighdeán	OÉ Maigh Nuad	Kevin Prendergast
Omnipro	Cur i láthair	Cur chun dáta OSFC – fócas & straitéis	Óstán Sheraton, Athlone	Kevin Prendergast
Omnipro	Cur i láthair	Cur chun dáta OSFC – fócas & straitéis	Óstán Radisson, Limerick	Kevin Prendergast
IT Baile Bhlainséir	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	IT Baile Bhlainséir	Eileen McManus
Omnipro	Cur i láthair	Cur chun dáta OSFC – fócas & straitéis	Óstán Silver Springs, Corcaigh	Conor O'Mahony
Bord Fiontar Contae Tiobrad Árainn Thuaidh	Cur i láthair	Scrúdú sláinte corparáideach	Lárionad Fiontar Comhlachais an Durlas	Kevin Prendergast
Omnipro	Cur i láthair	Cur chun dáta OSFC – fócas & straitéis	Óstán Citywest, Baile Átha Cliath	Kevin Prendergast
OCBÁC	Cur i láthair	An OSFC – ag leagann síos an caighdeán	OCBÁC	Kevin Prendergast

Taispeántais/teagmhais ar ar fhreastail – 2013

Cineál Teagmhais	Ionad Coinne	Tionscnóir	Lucht Freastail Stainnín
Taispeántais	Óstán Keadeen, Droichead Nua	Kildare CEB	Kevin Prendergast
Taispeántais	CRBÁC	Inline Events Ltd.	Eileen McManus Maria Leavy
Comhdháil	Ostán Clonmel Park, Cluain Meala	Abbott Vascular agus Skillnet.Contae Tiobraid Árainn	Eileen McManus
Sraith Léachta	Lárionad Eolais Ghnó ILAC	Lárleabharlann Lárionad ILAC Baile Átha Cliath	Eileen McManus
Comhdháil Bhliantúil	Coláiste na Lianna, Baile Átha Cliath	Foras na Rúnaithe agus na Riarthóirí Cairte	Eileen McManus
Taispeántais	Lárionad Fiontar Comhlachais an Durlas	BFC Tiobraid Árainn Thuaidh	Kevin Prendergast
Comhdháil Bhliantúil	Cill Dara	Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe	Eileen McManus
Comhdháil Bhliantúil	Óstán Clyde Court	Comhlachas na nGnólachtaí Beaga	Eileen McManus
Tionól Bliantúil	Staidiam Aviva, Baile Átha Cliath	Institiúid Éireann Bainistíocht Creidmheasa	Eileen McManus
Taispeántais	Rath an Uisce, Co. Laois	Comhlachas Treafa Náisiúnta	*Nóta 1
Taispeántais	CRBÁC, Baile Átha Cliath	Sunday Business Post	Maria Leavy Marie Breen Eileen McManus
Lá Fiontar	The Heritage Hotel, Portlaoise	BFC Luimnigh	Eileen McManus
Lá Eolais	Áras Stampála, Caisleán Baile Átha Cliath	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta/HAS	Eileen McManus Maria Leavy Marie Breen
Sraith Léachta	Lárionad Eolais Ghnó ILAC	Lárleabharlann Lárionad ILAC Baile Átha Cliath	Eileen McManus
Comhdháil Bhliantúil	Ceoláras, CRBÁC, Baile Átha Cliath	GBME	Eileen McManus
Eachtra Líonrú	Knockranny House Hotel, Cathair na Mart		Eileen McManus

* Maria Leavy, Eileen McManus, Desmond O'Neill, Phil Flood, Dermot Morahan, Kevin Prendergast

Aguisín 3
Cásanna ina rinne an ard-chúirt orduithe srianadh de bhun alt 56 d'AFDC

Nóta: Maidir lena cuideachta marcáilte le réaltín (*), ag deireadh 2013, bhí ag an Cúirt a héisteachtaí maidir le stiúrthóirí áirithe a críochnú, nó shrian nó dhícháiligh sí duine nó daoine ach nach iad go leor de na stiúrthóirí a bhunaigh an leachtaitheoir imeachtaí srianta nó dícháiliú in aghaidh leo de bhun altanna 150 nó 160 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (agus níor scaoil an Oifig an leachtaitheoir faoi alt 56 d'Acht um Fhorfheidhmiú dlí Cuideachta)

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta
417939	A.I.T. Software Limited	Daly	Stephen	21-D.Fó-13
		McCann	Conor	21-D.Fó-13
398083	Airtech Security Limited	O'Donovan	Morgan	18-Fea-13
340972	Andrew Redmond & Sons Limited	Redmond	Matthew	29-Iúil-13
		Redmond	Paula	29-Iúil-13
306061	Ardfinnan Oil Limited	Bridges	Carl	08-Aib-13
		Scanlon	James	08-Aib-13
		Scanlon	Mary	08-Aib-13
		Scanlon	Yvonne	08-Aib-13
294452	Armada Fleet Services Limited	Hughes	Cormac	09-Nol-13
		Hughes	Maura	09-Nol-13
169197	Arthur Armstrong Suspended Ceilings Limited	Armstrong	Kathleen	10-Mei-13
		Armstrong	Arthur	10-Mei-13
165894	B C Transport Limited	O'Leary	Donal	28-Ean-13
		O'Leary	Valerie	28-Ean-13
377601	Balmaford Limited	Burke	Michael	04-Fea-13
		Clancy	Liam Joseph	04-Fea-13
		White	James	04-Fea-13
240826	Bawnmanor Limited	Boyce	Gerard	16-Nol-13
193527	Black Shore Holdings Limited	Duffy	Hugh	14-Ean-13
		Sweeney	John	14-Ean-13
		Sweeney	Treena	14-Ean-13
339787	Bluebell Telecom Limited	O'Brien	Timothy	09-Nol-13
		O'Brien	Julie	09-Nol-13

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta
271992	Braldi Limited	Luby	Brian	08-Aib-13
		Bonnar	Brendan	13-Bea-13
		Butler	John	13-Bea-13
67653	Carty Building (Ballaghaderreen) Limited	Carty	Martin	21-Ean-13
		Carty	Fiona Marie	21-Ean-13
		Carty	Karina	21-Ean-13
331355	Castlewarren Construction Limited	Fenlon	Aoife	24-Mei-13
		Fenlon	Brian	24-Mei-13
482798	CBROH Trading Limited	Brannigan	Conor	16-Nol-13
		O'Hagan	Ryan	16-Nol-13
242713	Cedar Construction Limited	Gannon	Mary Ann	02-Nol-13
		Gannon	Terence	02-Nol-13
76367	Christopher Knight Electrical Limited	Knight	Robert	22-Már-13
		Knight	Christopher	22-Már-13
242975	Congil Construction Limited	Connolly	Padraic	28-Sam-13
		Connolly	Delia	28-Sam-13
361015	Cullen Foodstores Limited	Petrelli	Teresa	19-Már-13
395730	Cupa Natural Materials Limited	Fernandez	Javier	22-Iúil-13
		Garcia	Aureliano Fernandez	22-Iúil-13
		Gayoso	Ulpiano Rodriguez	22-Iúil-13
		Hernandez	Noemi	22-Iúil-13
354634	D. & J. McCarthy Haulage Ltd	McCarthy	Denis	18-Fea-13
		McCarthy	Jeremiah (Jerry)	18-Fea-13
423284	Dalex Limited	Healy	Jason	14-D.Fó-13
		Healy	Sharon	14-D.Fó-13
470781	Darger Limited	Caffrey	Darren	04-Sam-13
		Gough	Shauna	04-Sam-13
488606	Derek McDonnell Limited	McDonnell	Derek	09-Nol-13
398033	Doppler Lifts Limited	Lyons	Paul	08-D.Fó-13

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
179532	Dover Transport Limited	Keville	David	17-Mei-13
415164	Drever Construction Limited	Cosgrave	Edward	04-Sam-13
292121	Dunican High Reach Equipment Limited	Dunican	Edmond	08-Aib-13
245007	Dunne Contracting Limited	Flynn	Jeremy	29-Iúil-13
		Kavanagh	William	29-Iúil-13
		Thompson	Glenn	29-Iúil-13
477167	Durkan Ryan Formwork Limited	Ryan	Edward	04-Már-13
293022	Dwyer Properties Limited*	Dwyer	Caroline	11-Már-13
412979	Europet Limited	Jackson	Louise	02-Nol-13
		Jackson	Gerry	02-Nol-13
374761	F & F Catering Limited	Fagan	Niall	09-M.Fó-13
41528	Fergus Haynes (Developments) Limited*	Fergus	Cathal	08-Fea-13
		Fergus	Joanne	08-Fea-13
257799	Fintan Phelan Construction Limited	Phelan	John	22-Aib-13
		Phelan	Fintan	22-Aib-13
258090	Formcrete Limited	Herron	Michael	18-Fea-13
		Herron	Carmel	18-Fea-13
420785	Franeua Security Services Limited	Hormanski	Zdislaw	14-Ean-13
		Pankiewicz	Tadeusz	14-Ean-13
322845	Frowsley Services Limited	Bolger	Patrick	16-Nol-13
		Bolger	Anne	16-Nol-13
		Bolger	David	16-Nol-13
154815	G. & A. Manifold Limited	Manifold	Gaye	09-Nol-13
		Manifold	Arthur	09-Nol-13
252828	G.B.Manning Electrical Contractors (Cork) Limited	Manning	Kenneth John	08-Iúil-13
154508	Gerard J. McPhail Limited	McPhail	Gerard	21-Ean-13
		McPhail	Margaret	21-Ean-13

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
445915	GTR Security Limited*	Reilly	Tara	29-Aib-13
		Crothers	Suzanne	01-Iúil-13
		Reilly	Ian	01-Iúil-13
353943	Gym Installations Limited	Boyle	Paul	22-Iúil-13
170434	H M Yachts Limited	Mockler	Amy	29-Iúil-13
353926	Harrmack Developments Limited	Harris	Stephen	21-Ean-13
85703	Hele Windows Limited	Lentzy	Natalie	04-Sam-13
449925	Hewcon Limited	Hewson	Brian	16-Nol-13
		Hewson	Bernadette	16-Nol-13
380440	Hibernia Tours Limited	Tempesta	Claudia	22-Iúil-13
261314	Higgins Civil Engineering & Construction Limited*	Higgins	Gary	14-Mei-13
441776	Intelligent Data Fusion Limited	O'Sullivan	Dennis	25-Sam-13
467215	Itzala Limited	Farrelly	Kim	10-Mei-13
		Doyle	Anthony	15-Iúil-13
322125	J R Shaft Bearings Limited	Kenny	Noreen	19-Már-13
		Kenny	Joseph	19-Már-13
358007	JKD Couriers Limited	Rice	John	15-Iúil-13
		Rice	William Kenneth	15-Iúil-13
315744	John Conroy Mechanical Contractors Limited	Conroy	Nuala	08-Aib-13
		Conroy	John	08-Aib-13
440892	John Galvin Roofing & Building Contractor Limited	Galvin	John	09-Nol-13
		O'Donoghue	Lorraine	09-Nol-13
403489	John J Dolan Scaffolding Limited	Dolan	Cara	10-Mei-13
		Dolan	John James	10-Mei-13
192510	K.C. Properties Limited	Casey	Gerard	24-Mei-13
480901	Kamdy's Limited	Macken Belhout	Deirdre	11-Sam-13
218903	Kart World Limited	Walsh	David A.	04-Sam-13
440022	Kavanagh Wholesale & Distribution Co. Limited	Kavanagh	Stephen	13-Bea-13
		Kavanagh	Audrey	13-Bea-13

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
39144	Kielys Distribution Limited*	Kiely	Adam	11-Már-13
373994	Kilcarty Steelfixing Limited	Byrne	Joe	08-Aib-13
		Byrne	Mary	08-Aib-13
411649	Kylemore Inns Limited	Nolan	James	09-Nol-13
		Sweeney	John	09-Nol-13
485997	Lucca Food Trading Company Limited	Pieri	Roberta	02-Nol-13
		Pieri	Sandro	02-Nol-13
301182	M & P Developments Limited	McLaughlin	Hubert	29-Iúil-13
		McLaughlin	Mark	29-Iúil-13
		McLaughlin	Mark	15-Aib-13
376109	Max IT Computer Services Limited	Kearns	Seamus	15-Aib-13
		Tinkler	Sean	24-Mei-13
282000	McDermott Nolan Limited	McDermott	Patrick	24-Mei-13
		McDermott	Michael	02-Nol-13
440234	Mebel Limited	Jackson	Louise	02-Nol-13
		Jackson	Gerry	28-Ean-13
423043	Mercar Limited	Conlon	Bernard	28-Ean-13
		Roddy	Tony	09-Nol-13
393700	Monastic Investments Limited	Dunne	Martin	09-Nol-13
		Dunwoody	Paul	08-Aib-13
283902	N 17 Electric Limited	Naughton	Thomas	08-Aib-13
		Naughton	Bernadette	08-Aib-13
417919	National Directories of Ireland Limited	McNally	Michael	08-Aib-13
		Earls	Paul	08-Aib-13
		Buckley	Joanne	08-Aib-13
		McNally	Brenda	22-Aib-13
475135	Nationwide Express Limited	Cope	Paul	22-Aib-13
		Cope	Ian	02-M.Fó-13
490128	Nolnoc Technologies Limited	Conlon	Ursula	02-M.Fó-13
		Conlon	Michael	08-Iúil-13
369883	NPJS Sales Limited	Brady	Bernard	08-Iúil-13
		Brady	Bernadette	08-Jul-13

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
367766	Ocean Brand Opportunities Limited	Baxter	Douglas Alexander	16-Nol-13
		Baxter	Victoria Ann	16-Nol-13
		Clarke Hurles	Timothy	16-Nol-13
		Baxter	William Douglas	16-Nol-13
		France	Timothy	16-Nol-13
		O'Leary	Rodi	16-Nol-13
236350	Owens Concrete Limited	Owens	John	18-Sam-13
		Owens	Maree	18-Sam-13
450564	P O'Hare Developments Limited	O'Hare	Linda	08-Aib-13
		O'Hare	Paul	08-Aib-13
381074	Paddy Macs Taverns Limited	Carr	Michael	09-Nol-13
		Carr	Clair	09-Nol-13
378791	Paymount Limited (Smart Recycling Group)	McCabe	Stephen	17-Mei-13
463541	Peri Catering Limited	Chong	David	18-Fea-13
		Liu	Jackie	18-Fea-13
355088	Pharma Plaz Limited	Holden	Welton	09-Nol-13
		Macken	Michael	09-Nol-13
62478	Pierse Contracting*	Cahalin	Brendan	14-D.Fó-13
		O'Reilly	Michael	14-D.Fó-13
		Murphy	Martin Edward	11-Sam-13
		O'Nolan	Fearghal	11-Sam-13
		Duggan	Matthew	02-Nol-13
419693	PL Retail Limited	Larkin	Sandra	14-D.Fó-13
		Larkin	Paul	14-D.Fó-13
324076	Polywood Limited	Gilmartin	Michael	25-Sam-13
457524	Premier Team Limited	Al-Kaddo	Khalil	25-Sam-13
275807	Presswell Labels Limited	Guinevan	Alfred Thomas	11-Már-13

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
473373	Purple Lake Limited	Doyle	David	08-Iúil-13
		Doyle	Catherine	08-Iúil-13
284487	R Madden Limited	Madden	Richard	17-Mei-13
469853	Rainey Conservation Limited	Rainey	Brendan	
		Rainey	Paul	04-Már-13
		Rainey	Desmond	04-Már-13
328470	Real Time Distribution Limited	Argue	Frederick	04-Már-13
		Argue	Daphne	09-Nol-13
370820	Red Civil Engineering Limited	Flynn	Jeremy	09-Nol-13
		Kavanagh	William	29-Iúil-13
		Thompson	Glenn	29-Iúil-13
232719	Redmond Civil Engineering Limited	Redmond	Bernadette	29-Iúil-13
		Redmond	Ciaran	14-D.Fó-13
106266	Rialto Motors Limited	O'Neill	Frank	14-D.Fó-13
		O'Neill	Thomas	11-Sam-13
		O'Neill	Brendan	11-Sam-13
479874	Rushout Recruitment Limited	Connolly	Alan	11-Sam-13
		Nolan	Connor	21-D.Fó-13
403754	Salamander Agencies Limited	O'Neill	Seamus	21-D.Fó-13
		O'Neill	Grainne	04-Már-13
170516	Sean Kiernan Limited	Kiernan	Rosemary	04-Már-13
		Kiernan	Sean	02-Nol-13
79057	Shannon Minerals Limited	O'Mara	Brendan	02-Nol-13
		O'Mara	Ann	18-Fea-13
380052	Southwestern Power Services Limited	Marshall	Thomas Kieran	03-Mei-13
		Marshall	Ann Philomena	08-Aib-13
429471	Sp Asphalt & Tarmacadam Contracts Limited	McDaid	Majella	08-Aib-13
		Sean Paul	McDaid	21-D.Fó-13
396883	Spectron M & E Engineering Limited	Walsh	Philip	21-D.Fó-13
		Walsh	Tom	22-Iúil-13

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		22-Iúil-13
479388	Spillane Logistics Limited	Spillane	Thomas	21-Ean-13
		Spillane	Liam	21-Ean-13
366251	Stone Mad Limited	Costello	Susan	17-Mei-13
		Costello	Joseph	17-Mei-13
302852	Survey Sales & Hire Limited	Dolan	Kevin	25-Sam-13
245192	T & J Transport Limited	Kelly	John	25-Sam-13
		Kelly	Martina aka (Tina)	25-Sam-13
300220	Terence McCarthy Building Limited	McCarthy	Terence	24-Mei-13
		McCarthy	Mary	24-Mei-13
446888	The Cork Depot Logistics & Business Services Limited	Cooke	Kevin	01-Iúil-13
		McCarthy	Paddy	01-Iúil-13
390212	The Wedding Gallery Limited	Donnelly	Pauline	21-D.Fó-13
		Murray	Patrick	21-D.Fó-13
396195	Tonara Limited	Ennis	James	14-Ean-13
427421	Tuskar Asset Management Public Limited Company	Hynes	Alan	09-D.Fó-13
172460	W & W (Eng) Limited	Ward	James	09-Nol-13
		Ward	Seamus	09-Nol-13
344536	Walsh Maguire & Co. Limited*	Maguire	James Vincent	22-Aib-13
		Moran	Liam William Thomas	17-Lún-13
474088	Wellwish Limited	Fisher	Maree	14-D.Fó-13
		Wrynn	Anne Marie	14-D.Fó-13
		Wrynn	Paul	14-D.Fó-13
205026	Westcan Developments Limited	Cummins	Gerald	29-Aib-13
		Cummins	Veronica	29-Aib-13
164255	Wood-systems Limited	Moran	John	08-Iúil-13
467305	Zahir Limited	Kidd	Damien	22-Ean-13
		Kidd	Pascal	22-Ean-13

Aguisín 4
Cásanna ina rinne an ard-chúirt orduithe dícháilithe de bhun alt 56 d'AFDC

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóir		Dícáilithe ó	Dícáilithe go dtí
325074	Bellisle Properties Limited	Stritch	Peter Kenneth	25-Sam-13	24-Sam-23
456648	Blue Data Services Limited	Kingsley	Trevor	29-Aib-13	28-Aib-19
456648	Blue Data Services Limited	Woodland	Michele	29-Aib-13	28-Aib-19
170434	H M Yachts Limited	Mockler	Hugh	29-Iúil-13	28-Iúil-17
127663	Mossway Limited	Deering	David	16-Lún-13	15-Lún-14
127663	Mossway Limited	Deering (Junior)	David	02-Lún-13	01-Lún-14
378791	Paymount Limited (Smart Recycling Group)	McCabe	David	15-Iúil-13	14-Iúil-20
450381	TMC Mediaworks Limited	Levin	Drew	18-Sam-13	17-Sam-25
427421	Tuskar Asset Management Plc	Hynes	Alan	09-D.Fó-13	08-D.Fó-16

Aguisín 5
Cásanna ina nach dhearna an ard-cúirt orduithe srianadh nó dícháiliú de bhun alt 56 d'AFDC

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Dáta an Ordú Cúirte	Líon na Stiúrthóirí
359718	Business Interiors & Design (Bid) Limited	22-Fea-13	3
84000	Kerr Aluminium Limited	19-Már-13	2
417731	The Palace Bar Limited	08-Aib-13	2
376791	Matrix Contracting Limited	30-Bea-13	2
373242	Ipos Investment 4 Limited	25-Mei-13	4
351995	Ipos Investment 3 Plc	25-Mei-13	-
337167	Ipos Investment Plc	25-Mei-13	-
351533	Ipos Investment Two Plc	25-Mei-13	-
366541	Ipos Locums Limited	25-Mei-13	-
364478	Uniprop Limited	25-Mei-13	-
360035	Dial -A - Tyre Limited	28-Mei-13	2
221941	Freestand Limited	15-Iúil-13	2
260714	Zyder Developments Limited	14-D.Fó-13	2
31721	Milford Inn Limited	11-Sam-13	1

Nótaí:

1. Baineann an colún "Líon na Stiúrthóirí" leis na stiúrthóirí siúd ar glacadh imeachtaí ina leith. D'fhéadfadh seo bheith éagsúil ó líon iomlán na stiúrthóirí a bhfuil taifead orthu amhail thráth an leachtaithe, mar gheall go bhféadfadh go ndearna an Oifig roinnt díobh a dhíolmhú ó imeachtaí agus d'fhéadfadh nár cuireadh stiúrthóirí eile i dtaifead leis an gClár Cuideachtaí, e.g. daoine a bhí ag gníomhú mar scáthstiúrthóirí.
2. Bhí comhstiúrthóirí i gcuideachtaí Ipos agus Uniprop, dá dtagraítear thuas, agus glacadh imeachtaí ina leith.
3. I gcás Milford Inn Limited, dá dtagraítear thuas, níorbh ann ach stiúrthóir amháin fanta ag tráth an leachtaithe.

GLUAIS

GLUAIS

ACC	An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011
Acht 1963	Acht na gCuideachtaí, 1963, (arna leasú)
Acht 2003	Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003, (arna leasú)
AFDC	An tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001
An Roinn	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
An Stiúrthóir	An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
An tAire	An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Anglo	An tIarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt
BGIC	Biúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise
CAC	Comhlacht Aitheanta Cuntasóireachta
CBSE	Comhfheithiclí Bainistíochta Sócmhainní na hÉireann
CFG	Comhlacht Forordaithe Gairmiúil
CGB	Cruinniú Ginearálta Bliantúil
CIRD	Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta
CL	Coibhéis Lánaimseartha
CNLA	An Cumann Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh
CP	Ceist Pharlaiminte
GADC	An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta
IR	Ionstraim Reachtúil
OCC	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
Oireachtas	Téarma comhchoiteann do Theach Uachtarach agus do Theach Íochtarach an Oireachtais
OSFC/Oifig	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
SF	Saoráil Faisnéise
SIP	An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
ÚMICÉ	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann